Clárlann Naisiúnta Ailse na hÉireann

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

## NA CLÁRLAINNE NÁISIÚNTA AILSE

## 2025

www.ncri.ie

# CLÁR NA NÁBHAR


01 Comhthéacs Rialachais i leith 2025

02 Teachtaireacht ón Stiúrthóir

03 Maidir le NCRI

04 Fís, Misean agus Luachanna

05 Straitéis

06 Ár dTionchar

07 Ár nAschur

08 Éachtaí

09 Ráiteas Corparáideach

10 Ráiteas Airgeadais

# BUAICPHOINTÍ



CancerWatch

## Straitéis

Léargas ar an straitéis atá againn i dtaobh sonraí ailse iontaofa a chur ar fáil chun tacú leis an gcinnteoireacht agus chun neartú a dhéanamh ar an gcumas freastal ar riachtanais sláinte sa tír seo agus san Eoraip amach anseo.




## Tionchar agus Aschur

Léargas ar an tionchar a imrímid agus ar an méid a fhoilsímid, agus mar atá sonraí ailse ardchaighdeáin ag cothú tuisceana, ag feabhsú torthaí, agus ag tacú le hothair, le cliniceoirí agus le lucht déanta beartais.




## Ailse in Éirinn

Léargas ar mar atá cúrsaí i ndáil leis an ailse in Éirinn faoi láthair agus ar mhinicíocht, marthanacht agus treochtaí ina leith, chun cur lenár dtuiscint agus tacú le pleanáil agus cúram níos éifeachtaí.

# COMHTHÉACS RIALACHAIS I LEITH 2025



I rith 2025, lean an Bord um an gClárlann Náisiúnta Ailse (NCRI) lena mhaoirseacht ar rialachas, treo straitéiseach agus córas rialaithe inmheánaigh na heagraíochta i gcomhréir leis na freagrachtaí reachtúla atá air agus leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

D'éirigh an Cathaoirleach as oifig i rith na bliana, le héifeacht ón 9 Nollaig 2025. Is faoin Aire Sláinte atá sé cathaoirleach a cheapadh, agus bhí an folúntas fós le líonadh ag deireadh na bliana.

In ainneoin na n-athruithe sin, bhí an Bord fós ag feidhmiú go héifeachtach le tacaíocht óna chuid coistí. Reáchtáladh cruinnithe tráthrialta den Bhord agus den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca lenar cinntíodh go ndearnadh maoirseacht leanúnach ar réimsí tábhachtacha lena n-áirítear bainistíocht airgeadais, riosca agus comhlíonadh.

Dhírigh an Bord ar an leanúnachas agus ar thacú leis an eagraíocht agus í ag comhlíonadh a hoibleagáidí reachtúla i dtimpeallacht chasta, luaineach.
Leanadh leis an rannpháirtíocht leis an Roinn Sláinte i gcomhréir leis na socruithe cuntasachta atá bunaithe.

Tá coinne leis go gceapfar Cathaoirleach nua agus comhaltaí breise den bhord le linn 2026, rud a thacóidh arís eile le héifeachtacht an Bhoird.

# TEACHTAIREACHT ÓN STIÚRTHÓIR



**An tOllamh Deirdre Murray**
Stiúrthóir

Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil Chlárlann Náisiúnta Ailse na hÉireann (NCRI) don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2025 a chur i láthair. Leanadh leis an dul chun cinn mór i rith na bliana, agus muid ag comhlíonadh ár bhfreagrachtaí reachtúla agus ag neartú ár gcumais chun freastal ar riachtanais faisnéise sláinte na hÉireann agus na hEorpa amach anseo.

**Sonraí ailse ardchaighdeáin, iontaofa a sholáthar**

Is é croílár mhisean NCRI go fóill sonraí ailse tráthúla, cuimsitheacha, iontaofa a sholáthar chun tacú le hothair, cliniceoirí, taighdeoirí agus lucht déanta beartais. In 2025, rinneadh iarrachtaí spriocdhírithe chun teacht suas leis an riaráiste oibre i ndáil le paiteolaíocht, radaiteiripe, HIPE agus clárú báis. Baineadh amach rialtacht ní b'fhearr i leith amlínte tuairiscithe dá bharr sin agus cuireadh le hiomláine na sonraí. Tugadh isteach taifeadadh na gcúiseanna báis go léir agus baineadh úsáid níos leithne as an Aitheantóir Sláinte Aonair, rud a chuir arís eile lenár gcumas aistear iomlán an othair ailse a ghabháil. Chomh maith leis sin, chuireamar feabhas ar ghabháil sonraí leictreonacha, trí theachtaireachtaí paiteolaíochta HL7 agus trí shreafaí sonraí radaiteiripe a fheabhsú – céimeanna tábhachtacha maidir le nuachóiriú a dhéanamh ar phróisis chlárúcháin ailse agus maidir lena chinntiú go mbeidh sonraí ag NCRI atá téagartha, ábhartha agus oiriúnach don chuspóir.

**Dul i bhfeidhm ar thodhchaí na faisnéise sláinte**

Lean NCRI de bheith ina cheannródaí ar an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta i dtaca le caighdeáin faisnéise sláinte. Bhíomar ar cheann de na chéad chlárlanna ar fud an domhain a chuir chun feidhme an 4ú heagrán den Aicmiú Idirnáisiúnta ar Ghalair le haghaidh Oinceolaíochta, córas códaithe speisialaithe do chlárlanna ailse, rud a neartaíonn an ról ceannaireachta atá againn i ndáil le cáilíocht sonraí ailse. Leanamar ag ullmhú i gcomhair tionscnaimh náisiúnta agus Eorpacha atá ar na bacáin, lena n-áirítear an Bille um Fhaisnéis Sláinte agus an Spás Eorpach Sonraí Sláinte. Chomh maith leis sin, d'fhorbraíomar samhail nua próiseála clárúcháin agus chuireamar chun cinn an obair chun Timpeallacht Shlán i gcomhair Sonraí Taighde a chur ar fáil, chun rochtain shlán, éifeachtach a thabhairt do thaighdeoirí ar shonraí NCRI sna blianta amach romhainn agus aird á tabhairt ar chosaint príobháideachta.

**Muinín, trédhearcacht agus tionchar a neartú**

Gné ríthábhachtach den obair a dhéanann NCRI is ea muinín an phobail agus na bpáirtithe leasmhara a chothú. In 2025, sheolamar suíomh gréasáin athdheartha, chuireamar feabhas ar an léirshamhlú sonraí agus d'fhoilsíomar 11 ghrafaic faisnéise ionas gurbh fhearr an fháil a bheadh ar shonraí ailse. Neartaíomar rialachas agus slándáil trí phróisis rochtana sonraí a thabhairt cothrom le dáta, trí mheasúnuithe stóinseacha tionchair a dhéanamh maidir le cosaint sonraí, agus trí rialuithe cibearshlándála níos láidre. Chuireamar ar fáil 215 tuarascáil ar leibhéal ospidéil, rud a leagan béim ar iontaofacht agus neamhspleáchas NCRI i dtaca le pleanáil seirbhísí ailse.

**Taighde agus comhoibriú a leathnú**

Lean próifíl taighde NCRI ag dul ó neart go neart in 2025. Tá ról ceannaireachta againn sa Ghníomhaíocht Chomhpháirteach CancerWatch agus muid ag cur le cáilíocht na sonraí ailse do chlárlanna Eorpacha, bhí ailt linn i bhfoilseacháin éagsúla agus rinneamar cuir i láthair ag comhdhálacha, d'fhoilsíomar trí thuarascáil de chuid na heagraíochta féin, agus neartaíomar ár gcomhpháirtíochtaí le hacadóirí, cliniceoiri agus eagraíochtaí idirnáisiúnta. Cuireann na naisc sin le raon feidhme agus tionchar shonraí NCRI ionas go mbíonn ár gcuid oibre ag tacú le taighde ardchaighdeáin, le beartas atá bunaithe ar fhianaise agus le torthaí feabhsaithe i ndáil leis an ailse.

**Seasmhacht na heagraíochta a chothú**

Chun ár n-uaillmhianta a chothú, rinneamar infheistíocht inár ndaoine, inár gcórais agus inár mbonneagar trí chórais TF a nuachóiriú, trí fhoireann tástála a bhunú agus tríd an rialachas i ndáil le gníomhú aeráide a chur chun cinn. Bhíomar bródúil as creidiúnú Great Place to Work™ a bhaint amach den cheathrú bliain as a chéile, agus tugadh aitheantas dúinn freisin le gradam Best Workplaces™ i leith sláinte agus folláine in 2025. Chomh maith leis sin, rinneadh meastóireacht sheachtrach neamhspleách ar an mBord agus ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca, rud a thacaíonn le feabhas leanúnach ar rialachas agus dearbhú.

**Maoirseacht agus rialachas airgeadais**

Bhí bonn airgeadais stuama faoi NCRI ar feadh 2025, le tacaíocht ón Státchiste tríd an Roinn Sláinte. Tá córais láidre rialaithe inmheánaigh, bainistíochta riosca agus maoirseachta iniúchóireachta i bhfeidhm fós, agus níor aimsíodh aon laigí ábhartha rialaithe i rith na bliana.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don mhaoirseacht leanúnach a dhéanann an Bord agus a choistí agus don tacaíocht a thugann siad dom, go háirithe agus muid ag fanacht go gceapfar na comhaltaí Boird nua.

**Ag féachaint chun cinn**

Sa bhliain amach romhainn, beidh NCRI ag obair chun feabhas a chur ar cháilíocht sonraí agus ar an idir-inoibritheacht, ag ullmhú do chreataí sonraí rialála agus creata sonraí Eorpacha nua, agus ag cur leis an rochtain shlán ar shonraí sláinte le haghaidh taighde. Beidh infheistíocht leanúnach i ndaoine, sa teicneolaíocht agus sa rialachas riachtanach chuige sin.

**Buíochas**

Ós rud é go dtiocfaidh deireadh le mo chonradh le NCRI in 2026, ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil lenár mbaill foirne dhíograiseacha as a ngairmiúlacht, a saineolas agus a ndúthracht le linn mo thréimhse oifige, agus ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an mBord, leis an Roinn Sláinte, leis an gComhairle Chomhairleach, lenár soláthraithe sonraí, lenár gcomhpháirtithe taighde agus lenár bpáirtithe leasmhara as an tacaíocht a thugann siad dúinn i gcónaí.

Ag obair as lámha a chéile dúinn, d'fhéachamar chuige go bhfuil NCRI i ndea-riocht faoi láthair agus tá muinín agam go leanfaidh sé ar aghaidh ag feabhsú a phróiseas maidir le sonraí ailse ardchaighdeáin a sholáthar chun bonn eolais a chur faoi chinntí níos fearr agus chun tacú le cúram níos fearr agus torthaí níos fearr do na daoine in Éirinn a bhfuil ailse orthu.

Deirdre Murray

# MAIDIR LE NCRI

## Forléargas

Is é NCRI an Ghníomhaireacht Stáit atá freagrach as sonraí ailse a bhailiú agus a anailísiú, chun bonn eolais a chur faoi cheapadh beartas agus faoin gcaoi a dtugtar aire d'othair agus a dhéantar seirbhísí a phleanáil in Éirinn.

## Cúlra

In 1991 a bunaíodh NCRI, chun sonraí ailse a bhailiú i ndáil le daoine a bhfuil cónaí orthu in Éirinn. Feidhmíonn sé faoi ionstraim reachtúil agus is ón Roinn Sláinte a fhaigheann sé maoiniú.

## Gníomhaíochtaí

Leagtar amach thíos na ceanglais reachtúla atá ar NCRI:

### Bailiú

Déanaimid faisnéis ar gach cás nua ailse in Éirinn a bhailiú, a aicmiú, a thaifeadadh agus a stóráil.

### Anailísiú

Déanaimid faireachán ar threochtaí agus torthaí i ndáil le cineálacha éagsúla ailse.

### Foilsiú

Foilsímid tuarascáil bhliantúil ar an staidreamh i réimse na hailse agus cuirimid foilseacháin ar threochtaí agus réamh-mheastacháin a bhaineann le hailse ar fáil go rialta.

### Scaipeadh

Cuirimid chun cinn na sonraí a bhailímid agus éascaímid dá n-úsáid sa taighde agus chun seirbhísí ailse a phleanáil agus a bhainistiú.

## Cén fáth a bhfuil gá le clárlann ailse?

Is é ailse an phríomhchúis bháis i measc daoine fásta in Éirinn agus meastar go bhfaighidh duine as gach beirt diagnóis ailse ina shaol nó ina saol. Tá sé á thuar go dtiocfaidh méadú ar líon na gcásanna ailse sa tír seo agus ar an leibhéal domhanda. Soláthraíonn NCRI sonraí riachtanacha chun ailse in Éirinn a thuiscint agus a rialú. Lena shonraí cuimsitheacha i leith ailse, soláthraítear staitisticí agus léargas ríthábhachtach chun beartas agus taighde a threorú, tionscnaimh sláinte poiblí a fheabhsú, agus torthaí othar a fheabhsú ar fud na hÉireann.

## Ailse in Éirinn

Tá an ailse ar cheann de na príomhchúiseanna tinnis agus báis in Éirinn, agus buaileann an galar sin níos mó daoine gach bliain de réir mar atá daonra na tíre ag dul i méid agus an pobal ag dul in aois. Tá ról lárnach ag NCRI maidir le teacht ar thuiscint ar an bhfadhb sin trí shonraí ailse ardchaighdeáin a bhailiú agus a anailísiú, léargas ríthábhachtach a sholáthar chun tacú le taighde, bonn eolais a chur faoin mbeartas, agus feabhas a chur ar thorthaí othar ar fud na tíre.

**24,207**
**Sead Ionrach**
xNMSC
bliain

**9,797**
**Bás**
bliain

**1 in 2**
**Riosca i rith an tSaoil**

### Na Cineálacha Ailse is Coitianta *xNMSC

**Ailse Próstataigh** · **Ailse Cíche** · **Ailse Scamhóg** · **Ailse Cholaireicteach**

**Fir**


| | |
|---|---|
| Ailse Phróstataigh | 32.0% |
| Ailse Cholaireicteach | 11.0% |
| Ailse Scamhóg | 10.0% |


**Mná**

| | |
|---|---|
| Ailse Cíche | 32.0% |
| Ailse Scamhóg | 11.0% |
| Ailse Cholaireicteach | 9.0% |

## Príomhchúiseanna Báis le hAilse




De réir mar a leanann daonra na hÉireann ag fás agus a pobal ag dul in aois, táthar á thuar go dtiocfaidh méadú idir 50% agus 100% ar líon na ndiagnóisí bliantúla ailse ionraí sa tréimhse ó 2015 go 2045. Is tábhachtaí ná riamh an ról atá ag NCRI sa chomhthéacs sin. Trí shonraí agus anailís atá stuama, cuimsitheach a sholáthar, cuireann sé ar chumas an chórais sláinte teacht roimh an éileamh, seirbhísí a phleanáil go héifeachtach, agus feabhsuithe bunaithe ar fhianaise a chur i bhfeidhm i ndáil le cúram ailse, rud a thacaíonn ar deireadh le torthaí níos fearr d’othair ar fud na hÉireann.

## An Bord um an gClárlann Náisiúnta Ailse

Is comhlacht reachtúil é an Bord a bunaíodh in 1991 faoin Ordú mar ghníomhaireacht de chuid na Roinne Sláinte agus Leanaí (mar a bhí an tráth sin). Seachtar comhaltaí a bhíonn ar an mBord agus ceapann an tAire Sláinte iad. Ba iad comhaltaí an Bhoird an 31 Nollaig 2025:



**Mary Bourke Uasal**
Comhalta Boird



**Ellen Farrell Uasal**
Comhalta Boird



**Cathy Enright Uasal**
Comhalta Boird



**An tUasal Niall Murphy**
Comhalta Boird



**An Dr Paul Kavanagh**
Comhalta Boird


I rith na bliana, tháinig téarma an Dochtúra Robert O’Connor mar Chathaoirleach chun deiridh, tar éis dó a bheith ina chomhalta den Bhord ó mhí Aibreáin 2019, agus ina Chathaoirleach air ó Dheireadh Fómhair 2024 ar aghaidh. Tháinig deireadh le téarma oifige an Ollaimh Mark Lawler i mí Iúil 2025. Gabhann an Bord buíochas le Robert agus Mark araon as an gcion oibre a rinne siad le NCRI.

## Ár ndaoine

Is í foireann dhíograiseach, ghradamach NCRI bunchloch an mhisin atá againn i dtaobh torthaí ailse a fheabhsú trí shonraí a bhailiú agus anailís chuimsitheach a dhéanamh orthu. Gairmithe oilte ó chúlraí éagsúla is ea na baill foirne agus tá siad tiomanta don cháilíocht, don chomhoibriú agus don mhuinín. Is iad a saineolas agus a ndíograis a spreagann tionscnaimh NCRI, rud a chuireann ar a cumas don eagraíocht léargas luachmhar a chur ar fáil lena dtacaítear le taighde ailse agus le tionscnaimh sláinte poiblí. Is cúis bhróid ag NCRI é timpeallacht oibre thacúil a chothú inar féidir le daoine dul chun cinn a dhéanamh agus barr a gcumais a bhaint amach. Tá an Fhoireann Ardbhainistíochta i gceannas ar fhoireann dhúthrachtach oibrithe lánaimseartha agus páirtaimseartha atá lonnaithe ar fud na hÉireann, agus cuid mhór acu sa cheanncheathrú i gCorcaigh.




## Cairt Eagraíochta



## An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Is fochoiste foirmiúil den Bhord é an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca, a bhfuil freagracht mhór air maidir le sláine, trédhearcacht agus cuntasacht oibríochtaí na heagraíochta. Tá ról ríthábhachtach ag an gcoiste sin maidir le maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas tuairiscithe airgeadais, agus cinntíonn sé go mbíonn na ráitis airgeadais uile cruinn, iontaofa agus i gcomhréir leis na caighdeáin chuntasaíochta chuí. Ina theannta sin, déanann an coiste measúnú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha, agus sainaithníonn sé aon laigí a d'fhéadfadh a fhágáil go mbeadh an eagraíocht nochta do rioscaí airgeadais nó rioscaí oibríochtúla. Cinntíonn sé freisin go gcomhlíontar dlíthe agus rialacháin ábhartha, rud a chosnaíonn NCRI ó chásanna dlí agus fadhbanna rialála féideartha. Ina theannta sin, déanann an coiste meastóireacht ar na rioscaí éagsúla a bhaineann le gníomhaíochtaí NCRI, lena n-áirítear rioscaí airgeadais, oibríochtúla agus clú, agus forbraíonn sé straitéisí chun na rioscaí sin a mhaolú ar bhealach éifeachtach. Trí na freagrachtaí sin a chomhlíonadh, ní hamháin go bhfeabhsaíonn an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca creat rialachais foriomlán na heagraíochta ach spreagann sé muinín i measc páirtithe leasmhara maidir le fóntacht oibríochtaí NCRI agus a thiomantas do chleachtais eiticiúla.

## An Chomhairle Chomhairleach

Feidhmíonn an Chomhairle Chomhairleach mar chomhlacht comhairleach tábhachtach do NCRI agus tugann sí treoir shaineolach chun a thionscnaimh agus a oibríochtaí a fheabhsú. Tá páirtithe leasmhara ó an-chuid réimsí éagsúla ar an gComhairle, agus gairmithe cúraim sláinte, taighdeoirí agus ionadaithe othar ina measc. Trí tharraingt ar shaineolas a comhaltaí go léir, cuidíonn an Chomhairle linn tionchar NCRI a neartú maidir le léargas den scoth a thabhairt ar na sonraí chun feabhas a chur ar na torthaí ailse. Leis an gcur chuige comhoibríoch sin, neartaítear tionchar na dtionscnamh a mbíonn NCRI ag obair orthu agus cinntítear go mbíonn an léargas a thugtar ar shonraí ábhartha agus inghníomhaithe. Bíonn aiseolas na Comhairle Comhairlí agus a díograis i leith nuálaíocht agus comhoibriú a chothú ríthábhachtach chun dul i ngleic le castacht na cóireála ailse, rud a fhágann gur mór an tábhacht a bhaineann lena ról san eagraíocht.

# FÍS, MISEAN AGUS LUACHANNA

Tá fís, misean agus príomhluachanna NCRI ríthábhachtach i leith na slí a bhfeidhmíonn sé. Cuirtear cuspóir NCRI in iúl leo, léiríonn siad céard atá súil aige a bhaint amach agus léiríonn siad cé na prionsabail agus an eitic ar a bhfuil NCRI bunaithe.

## Fís agus Misean

### Ár bhFís

Léargas den scoth ar shonraí le haghaidh torthaí ailse níos fearr

### Ár Misean

Faisnéis chuimsitheach a bhailiú, a anailísiú agus a scaipeadh chun torthaí ailse a fheabhsú

## Príomhluachanna

### Meas

Is le dínit, meas agus béasa a chaithimid le gach duine

### Muinín

Bímid ionraic agus déanaimid beart de réir ár mbriathair

### Díograis

Bímid dúthrachtach díograiseach faoinár gcuid oibre agus is cúis bhróid againn í

### Comhar

Cothaímid cumarsáid oscailte, éistimid go gníomhach le daoine eile agus bímid ag obair i gcomhar le comhghleacaithe agus le páirtithe leasmhara

### Rúndacht

Cosnaímid faisnéis íogair agus faisnéis phearsanta i gcomhréir leis an dea-chleachtas

### Cáilíocht

Táimid meáite ar fheabhas leanúnach a bhaint amach chun sonraí ailse atá cruinn, tráthúil a sholáthar

# STRAITÉIS

## Forléargas

Tá straitéis NCRI dírithe ar shonraí ailse ardchaighdeáin, iontaofa a chur ar fáil chun tacú le hothair, cliniceoirí, taighdeoirí agus lucht déanta beartais, agus neartú a dhéanamh ar chumas na heagraíochta i dtaobh freastal ar riachtanais faisnéise sláinte amach anseo, sa tír seo agus san Eoraip.

In 2025, lean NCRI de bheith ag comhlíonadh a Straitéise Corparáidí ilbhliantúla, agus cothromaíocht á baint amach aige idir éilimh oibríochtúla an chlárúcháin ailse náisiúnta agus cur lena rannpháirtíocht ar an leibhéal uile-oileáin agus ar an leibhéal Eorpach. Rinneadh dul chun cinn nach beag i mbliana maidir le cáilíocht sonraí, cumas digiteach, comhoibriú taighde agus seasmhacht na heagraíochta, agus béim mhór fós á cur ar rialachas, ar chomhlíonadh agus ar fholláine na foirne.

## Cuspóirí Straitéiseacha

**Cúig chuspóir straitéiseacha a chuimsítear i straitéis 2024-2026, mar atá thíos:**


1. Léargas cuimsitheach a thabhairt ar aistear ailse an othair.
2. A bheith inár bhfoinse neamhspleách, shaineolach, iontaofa i dtaobh sonraí ailse agus treochtaí i leith na hailse.
3. Cumais taighde a fheabhsú agus líonraí taighde bríomhara comhoibríocha a fhorbairt in Éirinn agus ar an leibhéal idirnáisiúnta.
4. bheith ar thús cadhnaíochta maidir le bonn eolais a chur faoi rialáil faisnéise sláinte agus tionscnaimh dhigiteacha sláinte a chur i bhfeidhm.
5. Cumais eagraíochtúla a fheabhsú trí infheistíocht agus trí rialachas neartaithe.

## Dul Chun Cinn in 2025

Rinne NCRI an-dul chun cinn lena cholúin straitéiseacha in 2025. Neartaíodh bailiú cuimsitheach sonraí trí dhul chun cinn mór a dhéanamh i ndáil le riaráiste oibre, cur leis an méid sonraí leictreonacha a dhéantar a ghabháil, agus cur leis an úsáid a bhaintear as aitheantóirí sláinte aonair. Neartaigh an eagraíocht a ról mar fhoinse iontaofa sonraí ailse trí rialachas láidir, cibearshlándáil fheabhsaithe, próisis thrédhearcacha maidir le rochtain ar shonraí agus an suíomh gréasáin poiblí a athdhearadh.

Leathnaigh NCRI a lorg taighde agus comhoibrithe ar an leibhéal náisiúnta, ar fud oileán na hÉireann agus ar an leibhéal idirnáisiúnta, go háirithe trí róil cheannaireachta sa Ghníomhaíocht Chomhpháirteach CancerWatch agus trí leanúint lena chuid oibre ar an Atlas Ailse Uile-Oileáin. A bhuí le hinfheistíocht i gcórais, i gcaighdeáin agus i gcumas an lucht saothair – lena n-áirítear cur i bhfeidhm ICD O 4, feidhmeanna tástála, agus forbairt foirne – cinntíodh go mbeidh NCRI i ndea-riocht chun freagairt do dhúshláin i ndáil le faisnéis sláinte amach anseo.

| | 1. Léargas cuimsitheach a thabhairt ar aistear ailse an othair. (7 ngníomh) | 2. A bheith inár bhfoinse neamhspleách, shaineolach, iontaofa i dtaobh sonraí ailse agus treochtaí i leith na hailse. (5 ghníomh) | 3. Cumais taighde a fheabhsú agus líonraí taighde bríomhara comhoibríocha a fhorbairt in Éirinn agus ar an leibhéal idirnáisiúnta. (7 ngníomh) | 4. A bheith ar thús cadhnaíochta maidir le bonn eolais a chur faoi rialáil faisnéise sláinte agus tionscnaimh dhigiteacha sláinte a chur i bhfeidhm. (7 ngníomh) | 5. Cumais eagraíochtúla a fheabhsú trí infheistíocht agus trí rialachas neartaithe. (8 ngníomh) |
|---|---|---|---|---|---|
| Críochnaithe | 4 | 5 | 5 | 2 | 2 |
| De Réir Sceidil | 3 | 0 | 2 | 3 | 6 |
| Déanach | 0 | 0 | 0 | 2 | 0 |







## Ár Réiteach Féin don Todhchaí

Ag féachaint chun cinn, leanfaidh NCRI ag tógáil ar an mbunsraith a leagadh síos in 2025 trí ullmhú don Spás Eorpach Sonraí Sláinte, trí rochtain shlán ar shonraí do thaighdeoirí a chur chun cinn, agus trí idir-inoibritheacht agus cáilíocht sonraí a fheabhsú tuilleadh. Le hinfheistíocht leanúnach i ndaoine, sa bhonneagar digiteach agus sa rialachas, is fearr a bheidh NCRI in ann faisnéis ailse ardtionchair a chur ar fáil agus a bheith ina eagraíocht iontaofa, údarásach i ndáil le sonraí ailse náisiúnta agus Eorpacha.

# ÁR DTIONCHAR

## An difríocht a rinne NCRI


**59,763**
siad cláraithe
Clúdach náisiúnta cuimsitheach ar mhinicíocht ailse

**28**
ceist pharlaiminteach freagartha
Fianaise lena gcuirtear bonn faoi bheartas agus faoin bplé náisiúnta

**4th**
eagrán de ICD-O curtha i bhfeidhm
Tá neartú á dhéanamh ar an ról ceannaireachta atá againn maidir le cáilíocht sonraí ailse

**2**
mhórghradam um an ionad oibre buaite
Aitheantas tugtha dúinn as ionad oibre dearfach, sláintiúil

**86**
alt sna meáin ina luaitear sonraí NCRI
Tuiscint an phobail á cothú trí fhianaise iontaofa



**107**
láthair óna mbailímid sonraí
Tá sonraí ailse á ngabháil ó ospidéil agus seirbhísí ar fud na tíre

**40**
foinse sonraí leictreonacha
Clárúchán ailse éifeachtach, inscálaithe á chur chun cinn

**21,152**
deimhniú báis lánmheaitseáilte
Tá feabhas á chur ar shainaithint na gcásanna báis de dheasca ailse

**2**
ghearrliosta i gcomhair gradam gréasáin
Tugadh aitheantas dúinn as athchóiriú an tsuímh ghréasáin

**126**
fadhb cáilíochta sonraí réitithe
Tá neartú á dhéanamh ar an muinín sna staitisticí náisiúnta ailse

# ÁR NASCHUR

## An méid a chuir NCRI ar fáil i rith na bliana

**215**
tuarascáil ospidéil

Leis sin, cumasaíodh pleanáil seirbhísí ar leibhéal na n-ospidéal agus tacaíodh le torthaí feabhsaithe d'othair

**176**
freagra ar fhiosrúcháin faoi shonraí

Léargas tráthúil, bunaithe ar fhianaise á sholáthar chun taighdeoirí, cliniceoirí agus páirtithe leasmhara a chur ar an eolas

**25** foilseachán piarmheasúnaithe

Fianaise ailse náisiúnta agus idirnáisiúnta á cur chun cinn agus an t-iomrá atá ar NCRI mar phríomh-rannpháirtí sa taighde ailse domhanda á fheabhsú.

**24**
preasráiteas agus alt nuachta foilsithe

Tuairisciú agus léargas cruinn, atá bunaithe ar fhianaise agus ar threochtaí i leith ailse.

**11**
ghrafaic faisnéise foilsithe

Féachaint chuige go mbeidh rochtain ar shonraí casta agus go mbeidh siad intuigthe, tacaíocht don phlé eolasach

**185**
postáil ar na meáin shóisialta

Tá raon feidhme agus infheictheacht shonraí NCRI á leathnú, agus táthar ag cur le feasacht agus rannpháirtíocht an phobail

**20**
imeacht, ceardlann agus cur i láthair

Tacaíocht don chomhroinnt eolais, comhoibriú agus rannpháirtíocht ghairmiúil, méadú ar an tionchar a bhíonn ag sonraí NCRI.

**14**
nuachtlitir foirne

Coinnítear na baill foirne ar an eolas agus bímid rannpháirteach leo.

**1**
suíomh gréasáin nua NCRI seolta

Rochtain fheabhsaithe ag an bpobal agus ag páirtithe leasmhara ar shonraí ailse, rud a neartaíonn trédhearcacht agus inúsáidteacht an léargais ó NCRI agus an earraíocht a bhaintear as.

**10**
ndeontas taighde curtha isteach

Tacaítear le cláir taighde ailse amach anseo, rud a chuireann leis an acmhainn taighde agus nuálaíochta sa tír

## Sonraí a Úsáid ar Mhaithe le Tionchar

In 2025, lean NCRI ag baint leas as sonraí ailse ardchaighdeáin chun teacht ar thorthaí fiúntacha lena dtacaítear le beartas níos fearr, seirbhísí feabhsaithe, agus tuiscint an phobail. Trína chuid oibre, bhain NCRI luach amach ar fud cúig phríomhréimse torthaí:

## 1. Dul i bhfeidhm ar thodhchaí na faisnéise sláinte

Thacaigh sonraí NCRI go díreach le pleanáil soláthar seirbhísí ailse ar fud na hÉireann.

- Tacaíodh le feabhsú seirbhíse ar leibhéal na n-ospidéal trí 215 tuarascáil shaincheaptha
- Tacaíodh le leithdháileadh acmhainní agus pleanáil seirbhísí níos spriocdhírithe
- Cuireadh fianaise ar fáil chun réamh-mheas a dhéanamh ar an éileamh a bheidh ann amach anseo ar bhonn treochtaí déimeagrafacha

**Toradh:**

➡️Seirbhísí ailse níos freagrúla, atá bunaithe ar fhianaise agus atá ailínithe le riachtanais othar

## 2. Fianaise Níos Láidre le haghaidh Beartais agus Cinntí a Dhéanamh

Chuir an léargas ó NCRI bonn eolas faoin mbeartas náisiúnta, faoin bplé poiblí agus faoi phleanáil córas.

- Cuireadh fianaise théagartha ar fáil chun freagraí a thabhairt ar cheisteanna parlaiminte agus i gcomhair an phlé faoi bheartais
- Tugadh freagraí tráthúla ar 176 fiosrúchán sonraí ó pháirtithe leasmhara
- Cuireadh sonraí údarásacha ar fáil do na meáin agus don phobal

**Toradh:**

➡️ Cinntí níos eolasaí ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal na gcóras

## 3. Taighde Feabhsaithe agus Tionchar Idirnáisiúnta

Neartaigh NCRI an cion a dhéanann sé maidir le taighde ar an ailse in Éirinn agus ar fud an domhain.

- Chuir sé 26 foilseachán piarmheasúnaithe ar fáil agus thacaigh sé leis an ngníomhaíocht i ndáil le deontais taighde
- Chuir sé lena chuid babhtaí comhair i líonraí acadúla agus cliniciúla agus i líonraí idirnáisiúnta
- Bhí ról ceannaireachta aige i dtionscnaimh mhóra Eorpacha (e.g. CancerWatch)

**Toradh:**

➡️Tionchar níos mó ar an taighde agus neartú ar ról na hÉireann maidir le fianaise ailse dhomhanda

## 4. Dul i bhfeidhm ar thodhchaí na faisnéise sláinte

D'fheabhsaigh NCRI rochtain an phobail ar fhaisnéis faoin ailse agus an tuiscint uirthi.

- Seoladh suíomh gréasáin nua ionas gur fearr an rochtain a bheadh ag daoine ar na sonraí agus gur fusa a bheidh sé iad a úsáid
- Foilsíodh 11 ghrafaic faisnéise chun staitisticí casta faoin ailse a chur i láthair ar bhealach simplí
- Bhíothas rannpháirteach sa phobal trí ardáin dhigiteacha agus na meáin

**Toradh:**

➡️ Méadú ar fheasacht, muinín agus rannpháirtíocht phoiblí maidir le sonraí ailse

## 5. Córas Faisnéise Sláinte Níos Láidre, atá Réidh don Todhchaí

Rinne NCRI infheistíocht i gcórais agus i gcumais chun freastal ar riachtanais náisiúnta agus riachtanais Eorpacha amach anseo.

- Cuireadh chun cinn gabháil sonraí digiteacha agus idir-inoibritheacht
- Rinneadh neartú ar an gcreat rialachais sonraí, ar an gcreat slándála agus ar an gcreat rochtana
- Rinneadh dul chun cinn maidir le Timpeallacht Shlán i gcomhair Sonraí Taighde

**Toradh:**

➡️ Bonneagar sonraí ailse atá níos seasmhaí, níos sláine agus níos réitithe don todhchaí

## Tionchar Foriomlán

Ar fud na réimsí seo a leanas, bhí an tionchar seo ag obair NCRI in 2025:

Neartaíodh an bonn fianaise maidir le rialú ailse in Éirinn

- Cumasaíodh pleanáil agus soláthar seirbhísí níos éifeachta
- Feabhsaíodh an cumas taighde agus an comhoibriú idirnáisiúnta
- Méadaíodh an tuiscint atá ag an bpobal ar shonraí ailse agus an mhuinín atá acu astu

**Toradh:**

➡️ Cinntí níos fearr, seirbhísí níos fearr, agus torthaí níos fearr do dhaoine a bhfuil ailse orthu in Éirinn

## Ailt Phiarmheasúnaithe 2025

**Foilseacháin phiarmheasúnaithe (le baill foirne de chuid NCRI)**

1. Grimes DR, Brennan A, Walsh C.A method of estimating cervical cancers prevented by the introduction of national screening in Ireland. Eur J Public Health. 2025 Dec 19:ckaf225. doi: 10.1093/eurpub/ckaf225. Online ahead of print.PMID: 41416470

2. Langtry A, Rabadan R, Alonso L, Filip I, Sabroso-Lasa S, Moreno-Oya A et al. Deciphering the role of complement system genes in pancreatic cancer susceptibility and prognosis. Nat Commun. 2025 Nov 28;16(1):10769. doi: 10.1038/s41467-025-65811-y.

3. Botta L, Capocaccia R, Bernas
coni A, Rossi S, Galceran J, Maso LD, Lepage C, Molinié F, Bouvier AM, Marcos-Gragera R, Vener C, Guevara M, Murray D, Ragusa R, Gatta G, Jooste V, Wg TE. The impact of cancer survivors' extra risk of non-cancer mortality on net survival estimation. Am J Epidemiol. 2025 Aug 19:kwaf148. doi: 10.1093/aje/kwaf148. Online ahead of print.

4. O'Driscoll J, Tierney PA, McDevitt J, Brennan A, Redaniel MT, Zhang M, Bennett K, Murray D, Mullooly M. Examining the impact of the COVID-19 pandemic on invasive breast cancer incidence in Ireland: A population-based study. Cancer Epidemiol. 2025 Aug;97:102864. doi: 10.1016/j.canep.2025.102864. Epub 2025 Jul 7. PMID: 40628190

5. Ssenyonga N, Stiller CA, Marcos-Gragera R, Kuehni CE, Saint-Jacques N, Bulliard JL, Redaniel MT, Nakata K, Schwartz S, De P, Ragusa R, Troussard X, Curado MP, Girardi F, Maynadié M, Valkov M, Guilloteau A, Lima C, Coleman MP, Allemani C; CONCORD Working Group. Conditional survival of children, adolescents and young adults (0-24 years) diagnosed with leukaemia during 2000-2014 world-wide: (CONCORD-3). Eur J Cancer. 2025 May 23;225:115445. doi: 10.1016/j.ejca.2025.115445. Online ahead of print. PMID: 40578047

6. Zhang M, Tierney P, Brennan A, Murray D, Mullooly M, Bennett K. Modelling the impact of the COVID-19 pandemic on cancer stage migration and excess mortality in Ireland. Prev Med Rep. 2025 Mar 1:52:103020. doi: 10.1016/j.pmedr.2025.103020

**Foilseacháin phiarmheasúnaithe (inar chomhoibrí é NCRI nó ina raibh ball foirne dá chuid ar mheitheal oibre a bhí i mbun na hoibre)**

1. Crocetti E, Bennett D, Jooste V, Rossi S, Maso LD, Marcos-Gragera R, Smits S, Zagar T, Troussard X, Mayer-da-Silva A, Daubisse-Marliac L, Lourenço A, Katalinic A, Sanchez MJ, Vener C, Mousavi M, Ziliani V, Gatta G; EUROCARE-6 Working Group (appendix p 11). Skin melanoma survival is improving in Europe but regional differences persist: Results of the EUROCARE-6 study. Eur J Cancer. 2025 Dec 9;231:116061. doi: 10.1016/j.ejca.2025.116061. Epub 2025 Oct 19. PMID: 41172568

2. Claudia Allemani, Pamela Minicozzi, Bozena Morawski,Carlos A Lima, Damien Bennett, Donsuk Pongnikorn, Dafina Petrova, Kaire Innos, Fabio Girardi, Yaima Galán Alvarez, Robin Schaffar, Luigino Dal Maso, Florence Molinié, Mikhail Valkov, Karen Phillips, Sabine Siesling, Annemarie Schultz, Laetitia Daubisse-Marliac, Rafael Marcos-Gragera,Veronica Di Carlo, VENUSCANCER Working Group*. Global variation in patterns of care and time to initial treatment for breast, cervical, and ovarian cancer from 2015 to 2018 (VENUSCANCER): a secondary analysis of individual records for 275792 women from 103 population-based cancer registries in 39 countries and territories. The Lancet. 20205 Oct doi: 10.1016/S0140-6736(25)01383-2

3. Trama A, Rossi S, Bennet D, Stiller C, Paapsi K, Troussard X, Giudici F, Karim-Kos HE, Cerza F, Trallero J, Ragusa R, Blum M, Mayer-da-Silva A, Peters F, Didonè F, Botta L; EUROCARE-6 Working Group. Corrigendum to "Comparative analysis of 5-year relative survival in adolescents and young adults with cancer relative to both children and adults in Europe (EUROCARE-6): Results from a population-based study" [Eur. J. Cancer 2025 Aug 26;226:115535. PMID: 40743655]. Eur J Cancer. 2025 Sep 12;229:115767. doi: 10.1016/j.ejca.2025.115767. Online ahead of print. PMID: 40945300

4. McCabe M, Rossi S, Cerza F, Massimino M, Gianno F, Spycher BD, Marcos-Gragera R, Bennett D, Lasalvia P, Didonè F, El Karoui NJ, Ragusa R, Mayer-da-Silva A, Mousavi SM, Trama A; EUROCARE-6 WG. Survival of European adolescents and young adults diagnosed with central nervous system tumours and comparison with younger and older age groups: EUROCARE-6 results. Eur J Cancer. 2025 Sep 9;227:115661. doi: 10.1016/j.ejca.2025.115661. Epub 2025 Jul 28. PMID: 40782412

5. Gatta G, Luttmann S, Trama A, Rossi S, Galceran J, Innos K, Guevara M, Licitra L, Bennet D, Redondo-Sánchez D, Capocaccia R; EUROCARE WG. Epithelial head and neck cancer survival in Europe: Geographical variation, time trends and long term survival. Eur J Cancer. 2025 Aug 19:229:115692. doi: 10.1016/j.ejca.2025.115692.

6. Hoogendijk R, Capocaccia R, van der Lugt J, Kranendonk MEG, Hoving EW, Wesseling P, Visser O, van Vuurden DG, Gatta G, Karim-Kos HE; EUROCARE working group. Long-term survival and cure fraction estimates for paediatric central nervous system tumours in 31 European countries (EUROCARE-6): a population-based study. Lancet Oncol. 2025 Aug;26(8):1091-1099. doi: 10.1016/S1470-2045(25)00297-9. PMID: 40744027

7. Shah SC, Diaz MAH, Zhu X, Bottiglieri T, Yu C, Anderson LA, Coleman HG, Shrubsole MJ; FINBAR study group. Plasma Metabolites of One-Carbon Metabolism Are Associated With Esophageal Adenocarcinoma in a Population-Based Study. Clin Transl Gastroenterol. 2025 Jun 26. doi: 10.14309/ctg.0000000000000879. Online ahead of print.PMID: 40569319

8. Trama A, Rossi S, Bennet D, Stiller C, Paapsi K, Troussard X, Giudici F, Karim-Kos HE, Cerza F, Trallero J, Ragusa R, Blum M, Mayer-da-Silva A, Peters F, Didonè F, Botta L; EUROCARE-6 Working Group. Comparative analysis of 5-year relative survival in adolescents and young adults with cancer relative to both children and adults in Europe (EUROCARE-6): Results from a population-based study. Eur J Cancer. 2025 Jun 11;226:115535. doi: 10.1016/j.ejca.2025.115535. Online ahead of print. PMID: 40743655

9. Bernasconi A, Toss A, Zattarin E, Mousavi SM, Blum M, Kuehni CE, Katalinic A, Trallero J, Rapiti E, Maso LD, Botta L, Rossi S, Peccatori F, Trama A; EUROCARE-6 Working Group. Prognosis of Breast Cancer in European female adolescents and young adults (AYAs): EUROCARE-6 retrospective cohort results. Breast. 2025 May 2;82:104472. doi: 10.1016/j.breast.2025.104472. Online ahead of print. PMID: 40435903

10. Botta L, Capocaccia R, Vener C, Bernasconi A, Trama A, Didoné F, Demuru E, De Angelis R, Rossi S, Mousavi SM, Peters F, Bennet D, Mayer-da-Silva A, Jooste V; EUROCARE-6 WG. Estimating cure and risk of death from other causes of adolescent and young adult cancer patients in Europe. Eur J Cancer. 2025 Jun 3;222:115443. doi: 10.1016/j.ejca.2025.115443. Epub 2025 Apr 19. PMID: 40319677

11. Gatta G, Calleja-Agius J, Sandrucci S, Azzopardi M, Capocaccia R; EUROCARE WG; Wales; Hackl M; Belgium; Bulgaria; Croatia; Cyprus; Czechia; Denmark; Estonia; Finland; France; Germany; Iceland; Ireland; Italy; Latvia; Lithuania; Malta; Norway; Poland; Portugal; Slovakia; Slovenia; Spain; Switzerland; Netherlands; UK-England; UK-Northern Ireland; UK-Scotland; UK-Wales. Incidence and survival of rare female genital tract cancers in Europe: The EUROCARE-6 study. Eur J Surg Oncol. 2025 Mar 25:109996. doi: 10.1016/j.ejso.2025.109996. Online ahead of print. PMID: 40180806

12. Indini A, Didoné F, Massi D, Puig S, Casadevall JR, Bennett D, et al. Corrigendum to "Incidence and prognosis of cutaneous melanoma in European adolescents and young adults (AYAs): EUROCARE-6 retrospective cohort results" [Eur J Cancer 213 (2024):115079]. European Journal of Cancer. 2025 Mar;218:115295.

13. Trama A, Geerdes EE, Demuru E, De Angelis R, Karim-Kos HE, Troussard X, Bennett D, Marcos-Gragera R, Kuehni CE, Liu H, Bernasconi A, Vener C, Guevara M, Zwaan CM, Mayer-da-Silva A, Paapsi K, Ragusa R, Smith OP; EUROCARE-6 Working Group. Survival of European children, adolescents and young adults diagnosed with haematological malignancies in the period 2000-2013: Results from EUROCARE-6, a population-based study. Eur J Cancer. 2025 Jun 3;222:115336. doi: 10.1016/j.ejca.2025.115336. Epub 2025 Mar 1. PMID: 40334304

14. Trama A, Lasalvia P, Stark D, McCabe MG, van der Graaf W, Gaspar N, et al. Incidence and survival of European adolescents and young adults diagnosed with sarcomas: EUROCARE-6 results. European Journal of Cancer. 2025 Feb;217:115212.

15. Miyoshi J, Mannucci A, Scarpa M, Gao F, Toden S, Whitsett T, et al. Liquid biopsy to identify Barrett's oesophagus, dysplasia and oesophageal adenocarcinoma: the EMERALD multicentre study. Gut. 2025 Feb;74(2):169–81.

16. Di Carlo V, Eberle A, Stiller C, Bennett D, Katalinic A, Marcos-Gragera R, et al. Sex differences in survival from melanoma of the skin: The role of age, anatomic location and stage at diagnosis: A CONCORD-3 study in 59 countries. European Journal of Cancer. 2025 Feb;217:115213.

17. Botta L, Didonè F, Lopez-Cortes A, Nieto AC, Desandes E, Hjalgrim LL, et al. International benchmarking of stage at diagnosis for six childhood solid tumours (the BENCHISTA project): a population-based, retrospective cohort study. The Lancet Child & Adolescent Health. 2025 Feb;9(2):89–99.

18. Vener C, Lillini R, De Angelis R, Bonfarnuzzo S, Poirel HA, Trama A, et al. Long-term survival for myeloid neoplasms and national health expenditure: A EUROCARE-6 retrospective, population-based study. Eur J Cancer. 2025 Jan 16;220:115231.

19. Trama A, Bernasconi A, Cañete A, Carulla M, Daubisse-Marliac L, Rossi S, et al. Incidence and survival of rare adult solid cancers in Europe (EUROCARE-6): A population-based study. Eur J Cancer. 2025 Jan;214:115147.

# ÉACHTAÍ

## Bailiú cuimsitheach sonraí

• Rinneadh dul chun cinn mór maidir le teacht suas leis an riaráiste oibre i ndáil le paiteolaíocht, radaiteiripe, HIPE agus clárúchán a dhéanamh ar bháis agus feabhsaíodh rialtacht an tuairiscithe de thoradh na hoibre sin.

• Cuireadh feabhas ar ghabháil sonraí leictreonacha, trí theachtaireachtaí paiteolaíochta HL7 agus trí shreafaí sonraí radaiteiripe a fheabhsú.

• Tugadh isteach taifeadadh na gcúiseanna báis go léir, rud a chuireann le sainaithint na gcásanna go léir inarb í ailse an chúis bháis.

• Cuireadh feabhas ar rianú fadaimseartha trí chur leis an úsáid a bhaintear as an Aitheantóir Sláinte Aonair (ASA).

***Tionchar:*** *léargas níos iomláine, níos tráthúla agus níos cruinne ar aistear iomlán an othair ailse.*

## Dul i bhfeidhm ar thodhchaí na faisnéise sláinte

• Cuireadh ICD O 4 i bhfeidhm, rud a chuir NCRI i measc na gceannródaithe ina leith sin ar fud an domhain.

• Leanadh ag réiteach i gcomhair an Rialacháin maidir leis an Spás Eorpach Sonraí Sláinte agus i gcomhair an Bhille um Fhaisnéis Sláinte.

• Forbraíodh samhail nua próiseála clárúcháin.

• Rinneadh dul chun cinn maidir le Timpeallacht Shlán i gcomhair Sonraí Taighde a sholáthar chun tacú le riachtanais rochtana sonraí amach anseo.

•Cuireadh le tuiscint na heagraíochta ar theicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear úsáid intleacht shaorga sa tsláinte agus i gcomhair sonraí a bhainistiú.

***Tionchar:*** *Tá NCRI i dtús cadhnaíochta maidir le caighdeáin sonraí sláinte agus ailse atá ag teacht chun cinn.*

## Neartú a dhéanamh ar ról NCRI mar fhoinse iontaofa sonraí ailse

•Seoladh suíomh gréasáin athdheartha NCRI agus feabhas curtha air ó thaobh inrochtaineachta, trédhearcachta agus léirshamhlú sonraí de.

•Ullmhaíodh foirmeacha nua chun rochtain a iarraidh ar shonraí agus cuireadh próisis rialachais nua i bhfeidhm chun iarrataí a chuíchóiriú agus príobháideacht a chosaint.

•Foilsíodh tuilleadh grafaicí faisnéise (aon cheann déag san iomlán), ionas go mbeidh sonraí ailse inrochtana agus intuigthe.


•Cuireadh cosaint sonraí chun cinn trí mheasúnuithe tionchair ar chosaint sonraí, insamhaltaí fioscaireachta agus neartú ar rialuithe cibearshlándála.

•Cuireadh breis agus 215 tuarascáil ospidéil chuig ospidéil aonair, rud a thacaíonn le pleanáil seirbhísí.

•Cothaíodh comhlíonadh agus muinín trí chomhaontuithe móra maidir le comhroinnt sonraí agus rochtain tríú páirtí.

***Tionchar: cur leis an muinín atá ag an bpobal, cliniceoirí agus páirtithe leasmhara as sonraí NCRI.***



## Taighde a fheabhsú agus cur leis an gcomhoibriú sa tír seo agus ar an leibhéal idirnáisiúnta

•Ghlacamar ród ceannaireachta sa Ghníomhaíocht Chomhpháirteach CancerWatch, agus muid ag dul i bhfeidhm ar obair maidir le cáilíocht sonraí ailse san Eoraip agus ag treorú pacáistí oibre faoi thionscadail éagsúla, asainn féin nó i gcomhar le heagraíochtaí eile.

•Chuireamar 26 píosa taighde i láthair, idir fhoilseacháin phiarmheasúnaithe agus pháipéir chomhdhála.

• Rinneamar leathnú ar chomhpháirtíochtaí taighde le hinstitiúidí acadúla agus an earnáil cúraim sláinte sa tír seo agus thar lear.

•Sheolamar trí thuarascáil de chuid NCRI.

•Thacaíomar le hiarratais ar dheontais, taighde iarchéime, intéirneachtaí agus socrúcháin do mhic léinn.

***Tionchar:*** *cur leis an seasamh agus an neart atá againn i leith an taighde trí chomhar agus ceannaireacht láidir*




CancerWatch

## An t-eagar atá ar NCRI a neartú don todhchaí

•Rinneadh meastóireacht sheachtrach neamhspleách ar an mBord agus ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca.

•Baineadh amach creidiúnú Great Place to Work™ don cheathrú bliain as a chéile, lena n-áirítear gradam Best Workplaces™ i leith sláinte agus folláine, 2025.

•Bunaíodh Foireann Tástála, rud a chuireann le cáilíocht na gcóras agus leis an muinín atá againn as na sonraí a chuirimid ar fáil.

• Rinneadh infheistíocht san fhoireann, sa bhonneagar agus san inbhuanaitheacht trí athchóiriú a dhéanamh ar oifigí, trí ghnéithe TF a nuachóiriú agus tríd an rialachas i ndáil le gníomhú aeráide.

***Tionchar:*** *eagraíocht dea-rialaithe, seasmhach a bheidh in ann torthaí a bhaint amach anois agus feasta.*

# RÁITEAS CORPARÁIDEACH

## 1 Feidhmíocht agus Maoirseacht

De réir an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) (an 'Cód Cleachtais'), tá Comhaontuithe Maoirseachta agus Feidhmíochta déanta ag NCRI leis an Roinn Sláinte. Sainítear go soiléir sna comhaontuithe sin róil agus freagrachtaí na Roinne agus NCRI faoi seach agus leagtar amach socruithe maidir le rialachas, maoiniú agus riarachán. Níor comhaontaíodh aon mhaoluithe ar an gCód Cleachtais ná aon eisceachtaí ina leith le linn 2025. I gcomhréir le ceanglais an Chóid Cleachtais, rinne NCRI measúnú ar a phríomhrioscaí eagraíochtúla i rith na bliana, lena n-áirítear straitéisí agus rialuithe maolaithe iomchuí a aithint.

## 2. Caiteachas

Chomhlíon NCRI ceanglais an Chóid Caiteachais Phoiblí go hiomlán le linn 2025.

## 3. Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú

Bhí Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú fós ina bpríomhthosaíochtaí againn in 2025, rud a léirítear inár gcultúr, sa chaoi a n-iompraímid muid féin, agus inár gcleachtais. I measc na bpríomhthionscnamh i rith na bliana bhí oiliúint ar Éagsúlacht agus ar Ionchuimsiú, foilsiú chéad Tuarascáil NCRI ar an mBearna Phá idir na hInscní, agus baint amach na ngradam Great Place to Work® agus Best Workplaces™ i leith sláinte agus folláine.

Cúigear comhaltaí a bhí ar an mBord ar an 31 Nollaig 2025, agus cothromaíocht inscne 60% le 40% idir fir agus mná a bhí ann, rud a chomhlíonann sprioc an Rialtais maidir le hionadaíocht 40% ar a laghad a bheith ag gach inscne ar bhoird Stáit. Leanann an eagraíocht de bheartais agus cleachtais a chur i bhfeidhm lena gcuirtear comhionannas deiseanna chun cinn agus lena dtacaítear le timpeallacht oibre ionchuimsitheach ina mbíonn meas ar chách.

## 4. Comhionannas san Earnáil Phoiblí agus Cearta Daonna

De réir Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, tá NCRI fós ag díriú ar an ngá atá le:

•Deireadh a chur leis an idirdhealú
•Comhionannas deiseanna agus cóir chomhionann a chur chun cinn
•Cearta daonna na foirne agus úsáideoirí na seirbhíse a chosaint

Tá an gealltanas sin leabaithe i gcuspóir straitéiseach na heagraíochta i dtaobh cumas eagraíochtúil a fheabhsú trí rialachas agus infheistíocht neartaithe.

## 5. Ídiú Fuinnimh agus Gníomhú Aeráide

Tá NCRI fós ag tacú le cuspóirí náisiúnta aeráide, lena n-áirítear iad siúd a leagtar amach sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide, trí fhaireachán a dhéanamh ar an méid fuinnimh a ídítear agus é a bhainistiú, agus trí bhreithnithe inbhuanaitheachta a leabú ina chuid oibríochtaí.Is é leictreachas fós an t-aon fhoinse amháin fuinnimh a úsáidtear in oibríochtaí NCRI, agus is le leictreachas a oibríonn an teas, an t-aerchóiriú, na soilse agus na córais oifige. Tá Foireann Ghlas NCRI fós ag déanamh faireachán ar an méid leictreachais a ídítear agus ag cur bearta i bhfeidhm chun tacú le héifeachtúlacht fuinnimh agus le hinbhuanaitheacht comhshaoil.

D'ídigh NCRI 54.5 MWh (2024 – 56 MWh) leictreachais in 2025.

## 6. Tuairisciú ar an mBearna Phá idir na hInscní

Rinneadh tuairisciú ar an mBearna Phá idir na hInscní i gcomhréir leis an Acht um Fhaisnéis faoin mBearna Phá idir na hInscní, 2021. Tuarascáil NCRI maidir leis an mBearna Phá idir na hInscní 2025

## 7. Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 (arna leasú)

Tá NCRI fós ag comhlíonadh na n-oibleagáidí atá air faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (arna leasú) agus tá sé meáite fós ar na ceanglais reachtúla ábhartha a chomhlíonadh.

# Ráitis Airgeadais Chlárlann Náisiúnta

# Ailse na hÉireann

## Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2025

# Clár na nÁbhar

**Faisnéis** ........................................ 3
**Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil ó Chomhaltaí an Bhoird** ........................................ 4
**Ráiteas ar Rialú Inmheánach don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2025** ........................................ 8
***Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste*** ........................................ 10
**Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe** ........................................ 12
**Ráiteas ar Staid an Airgeadais** ........................................ 13
**Ráiteas ar Shreabhadh Airgid** ........................................ 14
**Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais** ........................................ 15

## Faisnéis

**Seoladh Gnó**
Foirgneamh 6800, Páirc Ghnó Aerfort Chorcaí,
Bóthar Chionn tSáile, Corcaigh, T12 CDF7

**Baincéirí**
Bainc-Aontas Éireann cpt, 66 An Meal Theas, Corcaigh, T12 Y822

**Iniúchóir**
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste, 3A Sráid an Mhéara Uachtarach, Baile Átha Cliath, D01 PF72

**Aturnaetha**
RDJ LLP, 85 An Meal Theas, Corcaigh, T12 TP8D

## Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil ó Chomhaltaí an Bhoird

### 1. Rialachas

Bunaíodh an Bord um an gClárlann Náisiúnta Ailse faoin Ordú fán mBord um an gClárlann Náisiúnta Ailse (Bunú), 1991. Leagtar amach feidhmeanna an Bhoird in alt 4 den Acht sin. Tá an Bord freagrach don Aire Sláinte agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú. Comhlíonann sé an cúram sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh maidir le gach príomhcheist ghnó. Is iad an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an fhoireann ardbhainistíochta atá freagrach as bainistíocht, rialú agus stiúradh laethúil na Clárlainne Náisiúnta Ailse. Ní mór don Stiúrthóir agus don fhoireann ardbhainistíochta cloí leis an mórthreo straitéiseach a leagann an Bord síos, agus ní mór dóibh a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach comhalta den Bhord ar na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhchinntí a bhaineann leis an eintiteas, agus ar aon rioscaí móra ar dóigh a thiocfaidh chun cinn. Déanann an Stiúrthóir idirchaidreamh díreach idir an Bord agus lucht bainistíochta na Clárlainne Náisiúnta Ailse.

### 2. Freagrachtaí an Bhoird

Tá obair agus freagrachtaí an Bhoird leagtha amach sa Chreat Rialachais, ina sonraítear na hábhair atá forchoimeádta go sonrach do chinneadh an Bhoird. Áirítear leis na míreanna seasta a bhreithníonn an Bord:

- dearbhú leasanna,
- tuarascálacha ó choistí,
- tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíochta,
- tuarascálacha feidhmíochta, agus
- nithe forchoimeádta.

Le hAlt 21 den Ordú fán mBord um an gClárlann Náisiúnta Ailse (Bunú), 1991 ceanglaítear ar Bhord na Clárlainne Náisiúnta Ailse gach cuntas is cuí agus is gnách a choimeád, i cibé foirm a cheadóidh an tAire Sláinte le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ar airgead a fhaigheann sé agus a chaitheann sé. Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, ceanglaítear ar an mBord um an gClárlann Náisiúnta Ailse:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach,
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama,
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach ach amháin más míchuí glacadh leis go leanfaidh sé ag feidhmiú ar an mbonn sin, agus
- a lua ar leanadh caighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe, faoi réir aon imeacht ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as taifid chuntasaíochta imleora a choinneáil ina nochtar a staid airgeadais, le cruinneas réasúnta tráth ar bith, agus lena gcuitear ar a chumas dó a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 21 den Ordú fán mBord um an gClárlann Náisiúnta Ailse (Bunú), 1991. Tá an Bord freagrach as coinneáil agus sláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais ar shuíomh gréasáin na Clárlainne Náisiúnta Ailse.

Tá an Bord freagrach as an bplean bliantúil agus an buiséad a fhormheas. Déantar measúnú leanúnach ar fheidhmíocht na Clárlainne i gcomhréir leis an bplean bliantúil agus leis an mbuiséad.

Tá an Bord freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint agus, dá réir sin, as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Seachas neamhchomhlíonadh cheanglais FRS102 maidir le teidlíochtaí sochair scoir, measann an Bord go dtugtar léargas fíorcheart ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais na Clárlainne Náisiúnta Ailse amhail an 31 Nollaig 2025 i ráitis airgeadais na Clárlainne Náisiúnta Ailse.

## 3. Struchtúr an Bhoird

Cathaoirleach agus seisear gnáthchomhaltaí atá ar an mBord, agus ceapann an tAire Sláinte iad uile de réir an Ordaithe fán mBord um an gClárlann Náisiúnta Ailse (Bunú), 1991. Ceaptar comhaltaí ar feadh téarmaí socraithe, agus léirítear sa tábla thíos na dátaí ceapacháin agus éaga ábhartha.

| Ainm | Ról | Céadcheaptha | Athcheaptha | Éirithe As | Deireadh Téarma Oifige |
|---|---|---|---|---|---|
| An Dr Robert O'Connor | Cathaoirleach | 12/04/2019 (BM) 18/10/2024 (Cathaoirleach) | 15/02/2025 | 09/12/2025 | N/B |
| An tOllamh Mark Lawlor | Comhalta Boird | 15/07/2021 | N/B | N/B | 14/07/2025 |
| Mary Bourke Uasal | Comhalta Boird | 15/07/2021 | 15/07/2025 | N/B | 14/07/2029 |
| Ellen Farrell Uasal | Comhalta Boird | 04/05/2022 | N/B | N/B | 03/05/2026 |
| An tUasal Niall Murphy | Comhalta Boird | 16/01/2023 | N/B | N/B | 15/01/2027 |
| Cathy Enright Uasal | Comhalta Boird | 11/01/2024 | N/B | N/B | 10/01/2028 |
| An Dr Paul Kavanagh | Comhalta Boird | 08/07/2025 | N/B | N/B | 07/07/2029 |

**Athruithe Tábhachtacha ar an bhFoireann**

D'éirigh Cathaoirleach an Bhoird as a phost i rith na bliana. De réir an Ordaithe fán mBord um an gClárlann Náisiúnta Ailse (Bunú), 1991, is faoin Aire Sláinte atá sé Cathaoirleach nua a cheapadh, rud nach raibh déanta go fóill faoin 31 Nollaig 2025.

Tháinig deireadh le tréimhse oifige an Ollaimh Mark Lawler i rith na bliana freisin, ar an 14 Iúil 2025. Bhí an folúntas sin fós gan líonadh ag deireadh na bliana, go dtí go gceapfadh an tAire duine eile ina áit. Bhí dhá fholúntas Boird gan líonadh ag deireadh na bliana.

**An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca**

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ('CIR') bunaithe ag an mBord chun tacú leis agus é ag comhlíonadh a fhreagrachtaí maoirseachta i ndáil leis na nithe seo a leanas:

- bainistíocht rioscaí
- córais rialaithe inmheánaigh
- rialachas
- gníomhaíochtaí iniúchóireachta agus dearbhaithe

Feidhmíonn CIR go neamhspleách ar bhainistíocht airgeadais na Clárlainne, agus é á chinntiú go ndéantar faireachán gníomhach, oibiachtúil ar rialuithe inmheánacha agus ar phróisis iniúchóireachta. Cuireann CIR tuarascáil i scríbhinn ar fáil don Bhord i ndiaidh gach cruinnithe agus cuireann sé tuairim bhliantúil i láthair maidir le leordhóthanacht agus éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.

**Comhaltaí CIR le linn 2025:**

- Ellen Farrell Uasal (Cathaoirleach)
- Mary Bourke Uasal
- An tUasal Niall Murphy
- An tUasal Cormac McSweeney (comhalta seachtrach)
- An tUasal Colm Lardner (comhalta seachtrach)

Bhuail an Coiste le chéile ceithre huaire i rith 2025.

## 4. Tinreamh an Bhoird agus na gCoistí (2025)

Tá an sceideal tinrimh ag cruinnithe an Bhoird agus cruinnithe CIR le linn 2025 anseo thíos. Níor íocadh aon táillí Boird le comhaltaí i rith na bliana.

| Ainm | An Bord | CIR |
|---|---|---|
| **Líon na gcruinnithe** | 4* | 4 |
| An Dr Robert O'Connor | 4/4 | N/B |
| An tOllamh Mark Lawlor | 1/4 | N/B |
| Ellen Farrell Uasal | 4/4 | 4/4 |
| Mary Bourke Uasal | 4/4 | 4/4 |
| An tUasal Niall Murphy | 2/4 | 4/4 |
| Cathy Enright Uasal | 3/4 | N/B |
| An Dr Paul Kavanagh | 1/4 | N/B |

Ní raibh córam i láthair ag cruinniú an Bhoird a tionóladh ar an 15/07/2025 (*); dá bhrí sin, cuireadh míreanna a raibh gá le formheas foirmiúil ina leith chuig na comhaltaí ar an ríomhphost ina dhiaidh sin ionas go bhféadfaidís iad a dhaingniú go sainráite.

## 5. Nochtadh a cheanglaítear faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Bord freagrach as a chinntiú gur chomhlíon an Chlárlann Náisiúnta Ailse ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016). Ceanglaítear na nithe seo a leanas a nochtadh faoin gCód:

### 5.1 Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha na bhFostaithe

Tá sochair ghearrthéarmacha na bhfostaithe a bhí os cionn €60,000 sonraithe i nóta 4 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

### 5.2 Costais Chomhairleoireachta

Áirítear sna costais chomhairleoireachta a shonraítear i nóta 13 a ghabhann leis na ráitis airgeadais an costas a bhaineann le comhairle sheachtrach don lucht bainistíochta. Ní áirítear iontu feidhmeanna seachfhoinsithe ar gnáthchuid den ghnó iad.

### 5.3 Costais Dlí agus Socraíochtaí

Caiteachas €0 in 2025 (€0 in 2024) a bhí i gceist sa tréimhse thuairiscithe maidir le costais dlí, socraíochtaí dlí agus imeachtaí idir-réitigh agus eadrána a bhain le conarthaí le tríú páirtithe. Ní áirítear leis sin caiteachas a tabhaíodh i ndáil le comhairle dlí ghinearálta a fuair an Chlárlann Náisiúnta Ailse, rud a nochtar sna Costais Chomhairleachta thuas.

### 5.4 Caiteachas ar Fháilteachas

Caitheadh €1,313 ar fháilteachas don Bhord agus do na baill foirne in 2025 (€1,908 in 2024).

**5.5 Caiteachas ar Thaisteal agus ar Chothú**

Cuimsítear sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe an caiteachas seo a leanas ar Thaisteal agus Cothú:

| | In Éirinn | Thar Lear | Iomlán |
|---|---|---|---|
| Fostaithe | €32,291 | €22,269 | €54,560 |
| An Bord | €853 | €0 | €853 |
| | €33,144 | €22,269 | €55,413 |

**6. Ráiteas maidir le Comhlíonadh**

Ghlac an Bord an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm aige lena chinntiú go bhfuil an Cód sin á chomhlíonadh.

Chomhlíon an Bord um an gClárlann Náisiúnta Ailse an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú i leith na bliana 2025.

Thar ceann an Bhoird

Dáta: 23/04/2026

Paul Kavanagh,
Comhalta Boird

Ellen Farrell

Dáta: 23/04/2026

Ellen Farrell,
Comhalta Boird

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2025

### 1. Scóip na Freagrachta

Thar ceann Chlárlann Náisiúnta Ailse na hÉireann (NCRI), admhaím an fhreagracht atá ar an mBord as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a choinneáil ar bun agus a fheidhmiú. Áirítear leis an bhfreagracht sin na ceanglais a shonraítear sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016.

### 2. Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh ceaptha chun rioscaí a bhainistiú ionas gur ar leibhéal inghlactha a bheidh siad, seachas gan riosca ar bith a bheith ann. Ní féidir, dá bhrí sin, ach ráthaíocht réasúnta seachas ráthaíocht iomlán a thabhairt faoin gcóras go ndéanfar sócmhainní a chosaint, go ndéanfar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh go cuí agus go ndéanfar earráidí ábhartha nó neamhrialtachtaí a chosc nó a bhrath go tráthúil.

Bhí an córas rialaithe inmheánaigh, a thagann le treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe, i bhfeidhm in NCRI i leith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2025 agus go dtí an dáta ar a ndearnadh na ráitis airgeadais a fhormheas.

### 3. An Cumas Rioscaí a Láimhseáil

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR) ag NCRI a bhfuil triúr comhaltaí Boird agus beirt comhaltaí seachtracha air, a bhfuil saineolas acu ar chúrsaí airgeadais agus iniúchóireachta. Tháinig an Coiste le chéile ceithre huaire in 2025. Rinne CIR athbhreithniú ar thuairiscí iniúchóireachta inmheánaí, ar nuashonruithe ar chlár riosca, ar thuairiscí airgeadais, agus ar éifeachtacht an chomhshaoil rialaithe inmheánaigh.

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí sheachfhoinsithe bunaithe ag an gClárlann Náisiúnta Ailse a bhfuil dóthain acmhainní aici agus a reáchtálann clár oibre arna chomhaontú leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca.

Tá beartas agus nós imeachta bainistíochta riosca formheasta ag an mBord ina leagtar amach an fonn riosca atá ar NCRI agus na próisis bainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus ina sonraítear róil agus freagrachtaí na mball foirne ó thaobh rioscaí de. Eisíodh an beartas do gach ball foirne agus tá coinne leis go gcloífidh na baill foirne le beartais bainistíochta riosca NCRI, go gcuirfidh siad an lucht bainistíochta ar an eolas faoi rioscaí atá ag teacht chun cinn agus faoi laigí ó thaobh rialaithe de, agus go nglacfaidh siad freagracht as rioscaí agus rialuithe ina réimse oibre féin.

### 4. An Creat Rioscaí agus Rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag NCRI faoina sainaithnítear agus a thuairiscítear príomhrioscaí agus na bearta bainistíochta atá á nglacadh chun dul i ngleic leo agus, a mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.
Tá clár rioscaí i bhfeidhm ina sainaithnítear príomhrioscaí NCRI agus rinneadh na rioscaí sin a aithint, mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Baineann príomhrioscaí eagraíochtúla le cosaint sonraí, slándáil TFC, leanúnachas oibríochtúil agus acmhainn foirne. Déantar athbhreithniú tráthrialta ar na rioscaí, de réir mar is cuí, ar leibhéil éagsúla laistigh den eagraíocht lena n-áirítear an lucht bainistíochta, CIR, agus an Bord. Úsáidtear na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go ndéanfar rioscaí a bhainistiú ar leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na bearta is gá chun rioscaí a mhaolú agus an fhreagracht a shanntar do bhaill foirne ar leith as feidhmiú na rialuithe. Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil an méid seo a leanas amhlaidh:

- rinneadh doiciméadú ar nósanna imeachta maidir le gach príomhphróiseas gnó,

- sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal an lucht bainistíochta agus cuntasacht dá réir,
- tá córas buiséadaithe cuí ann agus ullmhaítear buiséad bliantúil a ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithniú leanúnach air,
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú,
- tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

I rith 2025, ag teacht le beartas an rialtais, d’fheidhmigh an chuid is mó d’fhoireann NCRI de réir samhail oibre cumaisc agus iad ag caitheamh cuid den am san oifig agus cuid eile ag obair ón mbaile. Tá córais agus rialuithe bunaithe ag NCRI a thacaíonn leis an obair ó áiteanna éagsúla agus leis an gcianobair. Tá bearta slándála curtha i bhfeidhm ag NCRI, lena n-áirítear cianrochtain chriptithe, fíordheimhniú ilmhodha, agus faireachán leanúnach ar bhagairtí cibearshlándála féideartha.

**Faireachán agus Athbhreithniú Leanúnach**

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun faireachán a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh i dtaobh an rialaithe de in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as beart ceartaitheach a dhéanamh, agus don lucht bainistíochta agus don Bhord, nuair is cuí sin. Deimhním go bhfuil na córais faireacháin seo a leanas i bhfeidhm ar bhonn leanúnach:

- Cuireadh próisis i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus chun tuairisciú a dhéanamh ar aon easnaimh a aimsítear,
- tá socruithe tuairiscithe bunaithe ar gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais, agus
- déanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe tráthrialta ar thuairiscí feidhmíochta agus airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla, lena léirítear an fheidhmíocht i gcomparáid leis na buiséid/réamhaisnéisí.

**5. Soláthar**

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag NCRI lena chinntiú go gcomhlíonfar na rialacha agus na treoirlínte atá i bhfeidhm faoi láthair i dtaobh soláthair agus gur chomhlíon NCRI na nósanna imeachta sin in 2025.

**6. Athbhreithniú ar éifeachtacht**

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag NCRI chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta agus rialaithe riosca. An faireachán agus an t-athbhreithniú a dhéanann NCRI ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh, tá siad bunaithe ar an obair a dhéanann na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre siúd, agus lucht ardbhainistíochta na Clárlainne atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a choinneáil ar bun.
Deimhním go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha i leith 2025. Bhreithnigh an Bord é sin an 23 Aibreán 2026.

**7. Fadhbanna maidir le rialú inmheánach**

Níor sainaithníodh aon laigí sa rialú inmheánach maidir le 2025 ar gá iad a nochtadh sna ráitis airgeadais.

Arna shíniú thar ceann an Bhoird um an gClárlann Náisiúnta Ailse

Dáta: 23/04/2026

Paul Kavanagh,
Comhalta Boird

# Tuarascáil lena cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais i leith an Bhoird um an gClárlann Náisiúnta Ailse

## Tuairim choinníollach maidir leis na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Bhoird um an gClárlann Náisiúnta Ailse don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2025 de réir mar a cheanglaítear faoi fhorálacha alt 5 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir an Chaighdeáin Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 – *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann* – agus cuimsítear leo:

- an ráiteas ioncaim agus caiteachais agus na cúlchistí ioncaim choinnithe
- an ráiteas ar staid an airgeadais
- an ráiteas ar shreabhadh airgid, agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta.

Is mo thuairimse, seachas i gcás neamhchomhlíonadh cheanglais FRS 102 maidir le teidlíochtaí sochair scoir, rud dá dtagraítear thíos, tugtar sna ráitis airgeadais léargas fíorcheart ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Bhoird um an gClárlann Náisiúnta Ailse amhail an 31 Nollaig 2025 agus ar a ioncam agus a chaiteachas i leith 2025 i gcomhréir le FRS 102.

### *An bunús atá leis an tuairim choinníollach maidir leis na ráitis airgeadais*

De réir na dtreoracha ón Aire Sláinte, ní choinníonn an Bord cuntas ar chostais na dteidlíochtaí sochair aoisliúntais go dtí go mbíonn siad iníoctha. Ní chloíonn sé sin le FRS 102, faoina gceanglaítear go n-aithneofar sna ráitis airgeadais costas iomlán na dteidlíochtaí sochair scoir a tuilleadh sa tréimhse agus an dliteanas fabhraithe ar an dáta tuairiscithe. Ní dhearnadh cainníochtú ar éifeacht an neamhchomhlíonta ar ráitis airgeadais an Bhoird um an gClárlann Náisiúnta Ailse i leith na bliana 2025.

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht arna bhfógairt ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nInstitiúidí Iniúchóireachta Uachtaracha. Tá cur síos ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Tá mé neamhspleách ar an mBord um an gClárlann Náisiúnta Ailse agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eitice eile de réir na gcaighdeán.

Creidim gur leordhóthanach agus gur cuí í an fhianaise iniúchóireachta atá faighte agam chun bunús a chur faoin tuairim uaim.

## Tuairisc ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar chúrsaí eile

Tá faisnéis áirithe eile curtha i láthair in éineacht leis na ráitis airgeadais ag an mBord um an gClárlann Náisiúnta Ailse. Cuimsítear leis an bhfaisnéis sin an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas rialachais agus tuarascáil na gComhaltaí Boird agus an ráiteas maidir le rialú inmheánach. San aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo, déantar cur síos ar na freagrachtaí atá orm i leith tuairisc a thabhairt maidir le faisnéis den sórt sin, agus ar chúrsaí áirithe eile a dtuairiscím orthu ar bhonn eisceachta.

Níl aon ní le tuairisciú againn i ndáil leis sin.

**Mary Henry**
**Thar ceann an Ard-Reachtaire**
**Cuntas agus Ciste agus ar a shon**

**30 Aibreán 2026**

## Na Freagrachtaí atá ar na Comhaltaí Boird

Mar a leagtar amach sa ráiteas rialachais agus sa tuarascáil ó na Comhaltaí Boird, tá freagracht ar na Comhaltaí Boird as an méid seo a leanas:

- ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú san fhoirm a fhorordaítear faoi alt 21 den Ordú fán mBord um an gClárlann Náisiúnta Ailse (Bunú), 1991
- a áirithiú go dtugtar léargas fíorcheart sna ráitis airgeadais de réir FRS 102
- rialtacht na n-idirbheart a áirithiú
- a mheas a bhfuil sé cuí leas a bhaint as bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh, agus
- cibé rialú inmheánach a chinnfidh siad is gá ionas go bhféadfaí ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de dheasca calaoise nó de dheasca earráide.

## Na Freagrachtaí atá ar an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Faoi alt 5 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, ceanglaítear orm iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an Bhoird um an gClárlann Náisiúnta Ailse agus tuairisc ina leith a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais.

Tá sé ina chuspóir agam leis an iniúchadh sin dearbhú réasúnta a fháil maidir le cibé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh sé sin de dheasca calaoise nó de dheasca earráide. Is ardleibhéal dearbhaithe é dearbhú réasúnta, ach ní thugtar ráthaíocht leis go n-aimseofar míráiteas ábhartha, más ann dó, i gcónaí in iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir go n-eascródh míráitis as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, astu féin nó le chéile, go bhféadfadh coinne réasúnach a bheith leis go mbeadh tionchar acu ar chinntí geilleagracha na n-úsáideoirí arna nglacadh ar bhonn na ráiteas airgeadais sin.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, déanaim breithiúnas gairmiúil a fheidhmiú agus sceipteachas gairmiúil a chothú ar feadh an iniúchta. Agus an méid sin á dhéanamh agam,

- Déanaim na rioscaí i dtaobh míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, cibé acu de dheasca calaoise nó de dheasca earráide, a shainaithint agus a mheasúnú; déanaim nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh agus a fheidhmiú lena dtugtar freagra ar na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt don tuairim uainn. Is airde an baol nach ndéanfar míráiteas ábhartha de dheasca calaoise a bhrath ná mar atá amhlaidh i gcás míráiteas ábhartha de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon turas, mífhaisnéis, nó sárú an rialaithe inmheánaigh a bheith i gceist le calaois.
- Tagaim ar thuiscint ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh a oireann do na himthosca, ach ní chun críocha tuairim a chur in iúl ar a éifeachtaí atá an rialú inmheánach.
- Déanaim measúnú ar a oiriúnaí atá na beartais chuntasaíochta a úsáideadh agus ar réasúnacht na meastachán cuntasaíochta agus an nochta ghaolmhair.
- Tugaim breith ar a oiriúnaí atá sé leas a bhaint as bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas, ar cibé acu atá nó nach bhfuil ábhar neamhchinnteachta ábhartha ann a bhaineann le teagmhais nó dálaí a d'fhéadfadh amhras nach beag a chaitheamh ar an gcumas atá ag an mBord um an gClárlann Náisiúnta Ailse ó thaobh leanúint ar aghaidh ag feidhmiú mar ghnóthas leanúnach. Má chinnim go bhfuil neamhchinnteacht ábhartha i gceist, ceanglaítear orm aird a dhíriú sa tuarascáil uaim ar an nochtadh gaolmhar sna ráitis airgeadais nó, mura leor an nochtadh sin, an tuairim uaim a athrú. Tá mo chuid conclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas go dtí dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh sé a bheith ina thoradh ar theagmhais nó dálaí amach anseo, áfach, go scoirfidh an Bord um an gClárlann Náisiúnta Ailse d'fheidhmiú mar ghnóthas leanúnach.
- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear an nochtadh, agus cibé acu a léirítear nó nach léirítear go cothrom sna ráitis airgeadais na hidirbhearta agus na teagmhais bhunúsacha.

Téim i dteagmháil leis na daoine a bhfuil cúram rialachais orthu maidir le, i measc eile, raon feidhme agus amchlár beartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha ón iniúchadh, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a aimsím le linn m'iniúchta.

Tugaim tuairisc ar bhonn eisceachta freisin más rud é, dar liomsa,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaigh uaim i gcomhair m'iniúchta, nó
- nár leor taifid chuntasaíochta na cuideachta le go bhféadfaí iniúchadh furasta cuí a dhéanamh ar na ráitis airgeadais, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

### *Faisnéis seachas na ráitis airgeadais*

Ní chuimsítear sa tuairim uaim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a cuireadh i láthair leis na ráitis sin, agus ní chuirim in iúl aon chineál conclúide dearbhaithe ina taobh.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an fhaisnéis eile a léamh agus, á dhéanamh sin dom, a bhreithniú an bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó an ndealraíonn sé go ndearnadh míráiteas ábhartha ina taobh ar shlí eile. Más rud é, ar bhonn na hoibre a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha i leith na faisnéise eile sin, ceanglaítear orm an méid sin a thuairisciú.

### *Tuairisciú ar ábhair eile*

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na léirbhreithnithe ar leith a bhaineann le Comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus lena bhfeidhmiú. Tugaim tuairisc ina dtaobh más rud é go n-aimsím nithe ábhartha a bhaineann leis an tslí inar cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Déanaim iarracht le linn an iniúchta teacht ar fhianaise maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Tugaim tuairisc air má aimsím cás ábhartha ar bith inarb amhlaidh nach raibh airgead poiblí á úsáid chun na críocha a bhí beartaithe ina leith nó cás ar bith inarb amhlaidh nach raibh na hidirbhearta ag cloí le riail na n-údarás a dhéanann iad a rialú.

## Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2025

| | Nótaí | 2025 € | 2024 € |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| An Roinn Sláinte | **2** | 5,269,073 | 4,434,839 |
| Ranníocaíochtaí Sochair Scoir | | 101,680 | 91,177 |
| Ioncam Eile | **3** | 152,185 | 145,076 |
| **Ioncam Iomlán** | | 5,522,938 | 4,671,092 |
| | | | |
| **Caiteachas** | | | |
| Costais Foirne | **4** | 4,316,575 | 3,777,060 |
| Costais Riaracháin | **5** | 1,068,447 | 978,623 |
| Taisteal agus Cothú | | 55,528 | 20,202 |
| **Caiteachas Iomlán** | | 5,440,550 | 4,775,885 |
| | | | |
| **Barrachas na bliana roimh leithreasaí** | | 82,388 | (104,793) |
| | | | |
| Aistriú (chuig an)/ón gcuntas caipitil | **9** | (79,073) | 21,091 |
| | | | |
| **Barrachas na bliana tar éis leithreasaí** | | 3,315 | (83,702) |
| | | | |
| Iarmhéid ar aghaidh an 1 Eanáir | | 186,594 | 270,296 |
| | | | |
| **Iarmhéid ar aghaidh an 31 Nollaig** | | **189,909** | **186,594** |

Áirítear sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe gach gnóthachan agus caillteanas a aithníodh i leith na bliana.

An Ráiteas ar Shreabhadh Airgid ar leathanach 14 agus na nótaí ar leathanaigh 15 – 24, is cuid de na ráitis airgeadais seo iad.

Thar ceann an Bhoird:

Paul Kavanagh
Comhalta Boird

Dáta: 23/04/2026

Ellen Farrell
Comhalta Boird

Dáta: 23/04/2026

## Ráiteas ar Staid an Airgeadais
## Amhail an 31 Nollaig 2025

| | Nótaí | 2025<br>€ | 2024<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Maoin, Gléasra agus Trealamh** | **6** | **268,119** | 189,280 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Méideanna Infhála agus Réamhíocaíochtaí | **7** | 226,530 | 282,883 |
| Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim | | 790,630 | 270,262 |
| | | **1,017,160** | **553,145** |
| **Dliteanais Reatha** | | | |
| Asbhaintí do na Coimisinéirí Ioncaim agus Párolla | | 121,520 | 102,860 |
| Méideanna Iníoctha Eile | | 168,186 | 73,913 |
| Fabhruithe | | 203,761 | 173,286 |
| Deontais a fuarthas roimh ré | **8** | 333,784 | 16,492 |
| | | **827,251** | 366,551 |
| **Glansócmhainní Reatha** | | 189,909 | 186,594 |
| **Glansócmhainní Iomlána** | | **458,028** | **375,874** |
| **Lena léirítear:** | | | |
| Cuntas Caipitil | | 268,119 | 189,280 |
| Cúlchistí Ioncaim Choinnithe | | 189,909 | 186,594 |
| | | **458,028** | **375,874** |

An Ráiteas ar Shreabhadh Airgid ar leathanach 14 agus na nótaí ar leathanaigh 15 – 24, is cuid de na ráitis airgeadais seo iad.

Thar ceann an Bhoird:

Paul Kavanagh
Comhalta Boird

Dáta: 23/04/2026

Ellen Farrell
Comhalta Boird

Dáta: 23/04/2026

## Ráiteas ar Shreabhadh Airgid
## Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2025

| | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Glan-Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | |
| Barrachas an Ioncaim ar an gCaiteachas | 3,315 | (83,702) |
| Dímheas agus Lagú na Sócmhainní Seasta | 180,772 | 141,929 |
| Aistriú ón / (chuig an) gCuntas Caipitil | 79,073 | (21,091) |
| (Méadú) / Laghdú ar Mhéideanna Infhála | 56,353 | (115,250) |
| Méadú / (Laghdú) ar Mhéideanna Iníoctha | 460,700 | 98,503 |
| **Glan-Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | 780,213 | 20,389 |
| | | |
| **Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | |
| Íocaíochtaí chun Maoin, Gléasra agus Trealamh a fháil | (259,845) | (120,839) |
| Glan-Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe | - | - |
| | (259,845) | (120,839) |
| | | |
| **Glanmhéadú / (Glanlaghdú) ar Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim** | 520,368 | (100,450) |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim amhail an 1 Eanáir 2025 | 270,262 | 370,712 |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim amhail an 31 Nollaig 2025** | **790,630** | **270,262** |

## Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais
## Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2025

### 1. Beartais Chuntasaíochta

Leagtar amach thíos bunús na cuntasaíochta agus na príomhbheartais chuntasaíochta a ghlac an Bord um an gClárlann Náisiúnta Ailse. Cuireadh iad go léir i bhfeidhm go comhsheasmhach i rith na bliana agus i leith na bliana roimhe sin.

#### a) Faisnéis Ghinearálta

Bhunaigh an tAire Sláinte an Chlárlann Náisiúnta Ailse in 1991 faoi
I.R. Uimh. 19/1991 – an tOrdú fán mBord um an gClárlann Náisiúnta Ailse (Bunú), 1991. Bunaíodh an Chlárlann chun faisnéis a thaifeadadh maidir le gach cás ailse a tharlaíonn in Éirinn agus tá a leithéid de shonraí á mbailiú aici ó bhí 1994 ann. Leagadh síos a feidhmeanna sa reachtaíocht in 1991, rinneadh leasú orthu in 1996 agus sonraítear anseo thíos iad:

- Faisnéis a bhaineann le minicíocht agus leitheadúlacht na hailse agus siadaí gaolmhara in Éirinn a shainaithint, a bhailiú, a rangú, a thaifeadadh, a stóráil agus a anailísiú.
- Faisnéis a bhailiú, a aicmiú, a thaifeadadh agus a stóráil i ndáil le gach othar ailse aonair nua-dhiagnóisithe agus maidir le gach siad.
- Cur chun cinn agus éascú a dhéanamh ar úsáid na sonraí a bhailítear ar an gcaoi sin i dtionscadail fhormheasta taighde agus i bpleanáil agus i mbainistiú seirbhísí.
- Tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú faoi ghníomhaíochtaí na Clárlainne.
- Comhairle, faisnéis agus cúnamh i ndáil le haon ghné den tseirbhís sin a thabhairt don Aire.

Is Eintiteas Leasa Phoiblí í an Chlárlann.

#### b) Ráiteas maidir le Comhlíonadh

Ullmhaíodh ráitis airgeadais NCRI don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2025 de réir an Chaighdeáin um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102 (an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn) arna fhógairt ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann agus arna mhodhnú le treoracha ón Aire i ndáil le haoisliúntas. De réir na dtreoracha ón Aire, ní thugann an Bord cuntas ar chostais na dteidlíochtaí aoisliúntais ach amháin de réir mar a bhíonn siad iníoctha. [Féach Beartas Cuntasaíochta (i)]. Níl an bonn cuntasaíochta sin ag luí le Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102, faoina gceanglaítear go n-aithneofar costais den sórt sin sa bhliain ina dtuilltear na teidlíochtaí.

#### c) Bunús an Ullmhúcháin

Ullmhaítear na ráitis airgeadais faoin modh fabhraithe cuntasaíochta agus faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil san fhoirm atá formheasta ag an Aire Sláinte le comhthoiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir Alt 21 den Ordú fán mBord um an gClárlann Náisiúnta Ailse (Bunú), 1991.
Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach chun déileáil le míreanna a mheastar a bheith ábhartha maidir le ráitis airgeadais na Clárlainne.

#### d) Ioncam

Deontais Oireachtais

Aithnítear Deontais Ioncaim ar bhonn fáltas airgid. Aistrítear deontais chaipitil chuig Cuntas Caipitil agus déantar iad a amúchadh i rith na tréimhse céanna a ndéantar na sócmhainní seasta gaolmhara a dhímheas ina leith.

**e) Deontais Taighde**

Aithnítear deontais taighde sa tréimhse ina dtabhaítear an caiteachas comhfhreagrach agus tugtar cuntas orthu mar Ioncam Eile.

**f) Maoin, Gléasra agus Trealamh**

Luaitear maoin, gléasra agus trealamh ar a gcostas lúide dímheas carntha, arna choigeartú i dtaobh aon soláthar i gcomhair lagú. Sanntar muirear dímheasa iomlán 12 mhí i mbliain na fála do shócmhainní a fhaightear. Soláthraítear dímheas ar gach maoin, gléasra agus trealamh, seachas talamh ruílse agus saothair ealaíne, ag rátaí a mheastar lena ndíscríobhfar an costas lúide luach iarmharach measta gach sócmhainne ar bhonn líne dhíreach i rith a saolré ionchais, mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| (i) Daingneáin agus Feistis: | 20% in aghaidh na bliana |
| (ii) Trealamh Oifige: | 20% in aghaidh na bliana |
| (iii) Crua-Earraí Ríomhaire: | 25% in aghaidh na bliana |
| (iv) Bogearraí Ríomhaire: | 33% in aghaidh na bliana |

Léiríonn an luach iarmharach an méid a mheastar a gheofaí faoi láthair dá ndéanfaí an tsócmhainn a dhiúscairt, tar éis costais mheasta diúscartha a asbhaint, dá mba amhlaidh cheana féin go raibh an tsócmhainn san aois agus sa riocht a mbeadh coinne leo ag deireadh a saolré ionchais.
Má tá fianaise oibiachtúil ann go bhfuil lagú ar luach sócmhainne, aithnítear caillteanas de dheasca lagú sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe i leith na bliana.

**g) Léasanna Oibriúcháin**

Aithnítear caiteachas ar an gcíos faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe i gcaitheamh ré an léasa.

**h) Sochair Fostaithe**

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha ar nós pá saoire mar speansas sa bhliain, agus áirítear sochair a fhabhraítear ag deireadh na bliana san fhigiúr um Méideanna Iníoctha Eile sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais.

**i) Sochair Scoir**

Ar bhonn ordú ón Aire, níl aon soláthar déanta maidir le sochair fhabhraithe a bheidh iníoctha sna blianta atá le teacht faoi Scéim Aoisliúntais na nGníomhaireachtaí Sláinte Ainmnithe agus faoin Scéim do Chéilí agus Leanaí a ghabhann léi, agus faoin Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair.

Déantar ranníocaíochtaí ó fhostaithe atá ina mbaill den Scéim do Chéilí agus Leanaí a chur chun sochair don Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe nuair a fhaightear iad. Is nuair a bhíonn siad iníoctha a ghearrtar íocaíochtaí Sochair Scoir ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe.

Na daoine go léir a théann isteach sa tseirbhís phoiblí le héifeacht ón 1 Eanáir 2013, is baill den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair iad, faoina n-íoctar asbhaintí pinsin na bhfostaithe go léir leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe. Gearrtar íocaíochtaí pinsin faoin scéim ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe tráth a n-íoctha.

**j) Breithiúnais agus Meastacháin Rí-thábhachtacha Chuntasaíochta**

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, ní mór don lucht bainistíochta breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh agus boinn tuisceana a ghlacadh a dhéanann difear do na méideanna a thuairiscítear i leith sócmhainní agus dliteanais amhail an dáta tuairiscithe agus do na méideanna a thuairiscítear i leith ioncaim agus speansas i rith na bliana. Is é is dual don mheastachán, áfach, go bhféadfadh na torthaí iarbhír a bheith difriúil ó na meastacháin sin. Seo iad na breithiúnais a raibh an tionchar ba mhó acu ar na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

**k) Cuntasaíocht Chaipitil**

De réir na gcaighdeán cuntasaíochta atá leagtha síos ag an Aire, gearrtar caiteachas ar shócmhainní seasta breise ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais nó ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais Caipitil, ag brath ar cibé an é gur le caipiteal nó as na cistí ioncaim a íocfar as an tsócmhainn. Déileálfar mar shócmhainn sheasta freisin le Trealamh Ríomhaireachta/TFC os cionn €2,000 agus Trealamh eile os cionn €7,000 a íoctar ón Ioncam.

l) **Dímheas agus Luachanna Iarmharacha**

Tá athbhreithniú déanta ag na Stiúrthóirí ar shaolré na sócmhainní agus ar luachanna iarmharacha gaolmhara na n-aicmí sócmhainní seasta go léir, agus ar shaolré eacnamaíoch fhónta agus luachanna iarmharacha na ndaingneán agus na bhfeisteas, agus chinn siad go bhfuil saolré agus luachanna iarmharacha iomchuí sannta i leith na sócmhainní.

## 2. An Roinn Sláinte

| | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Deontas Ioncaim | 5,114,000 | 4,314,000 |
| Deontas Caipitil (Nóta 9) | 155,073 | 120,839 |
| | 5,269,073 | 4,434,839 |

## 3. Ioncam Eile

| | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Deontais Taighde** | | |
| Éifeachtaí COVID | - | 34,368 |
| HRB (Efp) | 29,254 | - |
| Faire Ailse | 13,328 | - |
| OriOn | 2,219 | 3,015 |
| Aspire | 68,761 | 36,066 |
| | | |
| **Deontais nach i gcomhair Taighde iad** | | |
| An tSeirbhís Náisiúnta Scagthástála (NSS) | 36,843 | 71,627 |
| | **150,405** | **145,076** |
| | | |
| Ioncam Ilghnéitheach | 1,780 | - |
| | **152,185** | **145,076** |

Féach Nóta 8 le haghaidh na ngluaiseachtaí agus na n-iarmhéideanna gaolmhara.

## 4. Costais Foirne

| | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| Ba é meánlíon na bhfostaithe i rith na bliana ná: | | |
| | **Líon** | **Líon** |
| Stiúrthóir | 1 | 1 |
| Taighde agus Anailís, Riarachán agus TF | 29 | 28 |
| Cláraitheoir Sonraí Ailse | 28 | 23 |
| | **58** | **52** |
| | | |
| Líon coibhéiseach lánaimseartha amhail an 31 Nollaig | **55.74** | **50.21** |

## 4. Costais Foirne (ar lean)

| | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Sochair Chomhiomlána na bhFostaithe** | | |
| **Sochair Foirne ghearrthéarmacha** | 3,467,494 | 3,038,877 |
| Sochair tráth an fhoirceanta | - | - |
| Ranníocaíocht fostóra i dtaobh leas sóisialach | 363,322 | 314,827 |
| Costais Sochair Scoir | 485,758 | 423,356 |
| | 4,316,574 | 3,777,060 |
| **Sochair Foirne ghearrthéarmacha** | | |
| Bunphá | 4,316,574 | 3,777,060 |
| Ragobair | - | - |
| Liúntais | - | - |
| Iomlán | 4,316,574 | 3,777,060 |

Tá tuilleadh faisnéise maidir le príomhdhaoine den lucht bainistíochta i nóta 12. Rinneadh ranníocaíochtaí dar luach €75,953 leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe i leith na Scéime Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair in 2025 (2024: €59,397).

**Nóta:** Chun críocha an nochta seo, áirítear le sochair fostaithe ghearrthéarmacha i ndáil le seirbhísí a soláthraíodh le linn na tréimhse tuairiscithe tuarastal, liúntais ragoibre agus íocaíochtaí eile a rinneadh thar ceann an fhostaí, ach ní áirítear leo ÁSPC an fhostóra.

| **Luach Saothair an Stiúrthóra (gearrthéarmach seachas ÁSPC an fhostóra)** | **2025** | **2024** |
|---|---|---|
| | € | € |
| An Té atá sa Phost Faoi Láthair (ón 9 Meitheamh 2021) | 153,409 | 146,913 |
| **Speansais an Stiúrthóra** | | |
| An Té atá sa Phost Faoi Láthair | 9,415 | 10,403 |

Tar éis próiseas earcaíochta oscailte, ghlac an Stiúrthóir atá ann faoi láthair freagracht as an ról i mí an Mheithimh 2021, faoi shocrú iasachta le FSS ar feadh tréimhse cúig bliana. Aisíocann NCRI Pá Comhlán an Stiúrthóra agus costais ÁSPC an Fhostóra le FSS. Ní bhfuair an té atá sa phost faoi láthair aon Luach Saothair i gCoibhneas le Feidhmíocht in 2025.

**Luach Saothair agus Speansais na gComhaltaí Boird**

Ní íoctar táillí leis na comhaltaí Boird. Thabhaigh Comhaltaí Boird Costais Taistil agus Cothaithe €853 i ndáil le freastal ar chruinnithe Boird in 2025. Costais €663 a tabhaíodh in 2024.

**4. Costais Foirne (ar lean)**

| **Líon na bhFostaithe arna miondealú de réir banda tuarastail ag deireadh mhí na Nollag** | **2025** | **2024** |
|---|---|---|
| Níos lú ná €60,000 | 23 | 24 |
| €60,001 - €70,000 | 23 | 19 |
| €70,001 - €80,000 | 8 | 6 |
| €80,001 - €90,000 | 0 | 1 |
| €90,001 - €100,000 | 2 | 2 |
| €100,001 - €110,000 | 1 | 1 |
| €110,001 - €120,000 | 0 | 0 |
| €120,001 - €130,000 | 0 | 0 |
| €130,001 - €140,000 | 0 | 0 |
| €140,001 - €150,000 | 0 | 1 |
| €150,001 - €160,000 | 1 | 0 |
| **Iomlán** | **58** | **54** |

| **5. Costais Riaracháin** | **2025** | **2024** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Tomhaltáin Oifige | 3,972 | 5,956 |
| Táillí cúiréara agus táillí seachadta | 725 | 793 |
| Leabhair agus tréimhseacháin | 57 | 1,131 |
| Táille iniúchóireachta an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 15,900 | 14,300 |
| Táillí iniúchóireachta eile | 18,743 | 18,450 |
| Earcaíocht | 13,133 | 53,622 |
| Táillí Oiliúna agus Comhdhála (Poblacht na hÉireann) | 46,264 | 16,035 |
| Táillí Oiliúna agus Comhdhála (lasmuigh de Phoblacht na hÉireann) | 28,005 | 18,642 |
| Cíos agus muirir sheirbhíse | 208,717 | 193,994 |
| Árachas | 18,711 | 16,037 |
| Deisiú agus cothabháil an fhoirgnimh | 6,736 | 1,156 |
| Solas agus teas | 27,723 | 18,975 |
| Ceadúnais, Síntiúis agus Tacaíocht | 222,175 | 274,637 |
| Clódóireacht, postas agus stáiseanóireacht | 1,551 | 2,411 |
| Teileafón agus idirlíon | 46,542 | 48,479 |
| Táillí do lucht dlí agus gairmithe | 147,301 | 78,450 |
| Muirir Bhainc | 1,117 | 1,333 |
| Costais ilghnéitheacha | 17,193 | 21,212 |
| An Tionscadal Tagarmharcála Ailse | 30,170 | 30,988 |
| Tomhaltáin Teicneolaíochta Faisnéise | 32,940 | 20,091 |
| Dímheas ar threalamh ríomhaireachta | 180,772 | 141,931 |
| **Costais Iomlána Riaracháin** | **1,068,447** | **978,623** |

**6. Maoin, Gléasra agus Trealamh**

| | Trealamh Ríomhair-eachta € | Daingneáin agus Feistis € | Trealamh Oifige € | Iomlán € |
|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2025 | 1,737,514 | 277,151 | 10,943 | 2,025,608 |
| Breiseanna | 155,073 | 104,772 | - | 259,845 |
| Diúscairtí | (27,838) | (64,995) | - | (92,833) |
| **Amhail an 31 Nollaig 2025** | **1,864,749** | **316,928** | **10,943** | **2,192,620** |
| | | | | |
| **Dímheas** | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2025 | 1,548,234 | 277,151 | 10,943 | 1,836,328 |
| Muirear don bhliain | 159,817 | 20,955 | - | 180,772 |
| Ar Dhiúscairtí | (27,604) | (64,995) | - | (92,599) |
| **Amhail an 31 Nollaig 2025** | **1,680,447** | **233,111** | **10,943** | **1,924,501** |
| | | | | |
| **Glanluachanna de réir na Leabhar** | | | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2025** | **184,302** | **83,817** | **-** | **268,119** |
| | | | | |
| Amhail an 31 Nollaig 2024 | 189,280 | - | - | 189,280 |

San áireamh leis an Trealamh Ríomhaireachta tá Bogearraí Ríomhaire ag a bhfuil glanluach €111,987 de réir na leabhar amhail an 31 Nollaig 2025 agus €69,889 amhail an 31 Nollaig 2024.

**7. Méideanna infhála agus Réamhíocaíochtaí**

| | 2025 € | 2024 € |
|---|---|---|
| Méideanna infhála – Eile | 1,637 | 22,768 |
| Réamhíocaíochtaí | 224,893 | 260,115 |
| | **226,530** | **282,883** |

**8. Deontais a fuarthas roimh ré / (Riaráistí)**

| | Ag oscailt 1 Eanáir | Ioncam a Fuarthas | Chuig I&C | Ag dúnadh 31 Nollaig |
|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € |
| Deontóir i leith an Tionscadail | | | | |
| RCSI/ICS (Éifeachtaí COVID) | (18,806) | 18,806 | 0 | 0 |
| OriOn | 10,216 | 0 | (2,220) | 7,996 |
| NSS | 10,343 | 26,500 | (36,843) | 0 |
| Aspire | 14,739 | 54,021 | (68,760) | 0 |
| CancerWatch | 0 | 368,370 | (13,328) | 355,042 |
| HRB | 0 | 0 | (29,254) | (29,254) |
| Iomlán | 16,492 | 467,697 | (150,405) | 333,784 |

**Fuarthas na deontais ó na heagraíochtaí seo a leanas:**

An Bord Taighde Sláinte (HRB)
An tSeirbhís Náisiúnta Scagthástála (NSS)
Gníomhaíocht Chomhpháirteach AE - OriON
Cumann Ailse na hÉireann (ICS)
Gníomhaíocht Chomhpháirteach AE - CancerWatch
Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn (RCSI)

**9. Cuntas Caipitil**

| | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | **189,280** | **210,371** |
| **Gluaiseachtaí sa Chuntas Caipitil** | | |
| **Aistriú chuig / (ón) gcuntas I&C** | | |
| Caiteachas ó Dheontas Caipitil | 155,073 | 120,839 |
| Caiteachas ó Dheontas Ioncaim | 104,772 | - |
| Méid an amúchta i gcomhréir leis an dímheas ar shócmhainní sa tréimhse | (180,772) | (141,930) |
| | **79,073** | **(21,091)** |
| **Glanluach na nDiúscairtí de réir na leabhar** | | |
| Díluacháil charntha ar dhiúscairtí | 92,599 | 44,114 |
| Diúscairtí sa tréimhse | (92,833) | 44,114 |
| | (234) | **-** |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | **268,119** | **189,280** |

**10. Cíosanna ar Léasa Oibriúcháin**

| | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Cíosanna Léasa a cuireadh de mhuirear an Chuntais Ioncaim agus Caiteachais | 139,708 | 138,282 |
| Tá na ceangaltais seo a leanas ar an mBord faoi léasanna oibriúcháin a théann in éag: | | |
| Laistigh de bhliain amháin | 139,708 | 139,540 |
| Idir dhá bhliain agus cúig bliana | 596,032 | 582,959 |
| Tar éis cúig bliana | 304,216 | 455,819 |

Déanann an Bord a ghnó ó áitreabh i bPáirc Ghnó Aerfort Chorcaí. Chuathas i mbun léas nua an 5 Márta 2018 don tréimhse ón 1 Nollaig 2017 ar feadh 10 mbliana. Mar chomaoin ar chomhaontú an léas a shíneadh ar feadh cúig bliana breise go dtí an 30 Samhain 2032, bhí NCRI i dteideal tréimhse sé mhí saor ó chíos, dar tosach an 1 Aibreán 2024.

**11. Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise/Asbhaint i leith Pinsean**

De réir an Achta um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail, 2009, tháinig asbhaint a bhaineann le pinsin do sheirbhísigh phoiblí i bhfeidhm ón 1 Márta 2009. Cuireadh an Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise ina ionad sin an 1 Eanáir 2019. Nuair a bhailítear í, seolann an Chlárlann Náisiúnta Ailse an tsuim asbhainte chuig an Roinn Sláinte uair sa mhí. Ba é iomlán na n-íocaíochtaí míosúla a íocadh leis an Roinn ina leith sin don tréimhse ó Eanáir go Nollaig 2025 ná €90,269. Ba é €76,357 an méid comparáideach i leith 2024.

**12. Idirbhearta Páirtithe Gaolmhara**

Luach Saothair a íocadh le príomhdhaoine den lucht bainistíochta

Cuimsítear leis na príomhdhaoine den lucht bainistíochta an Bord, an Stiúrthóir agus an Fhoireann Ardbhainistíochta. €767,155 san iomlán a bhí sna sochair i dtaobh luach saothair gearrthéarmach i leith 2025 (ÁSPC Fostóra san áireamh). I gcomparáid leis sin, ba é €645,978 (ÁSPC Fostóra san áireamh) an figiúr i leith 2024.
Níl aon luach saothair iníoctha leis an mBord.

Glacann NCRI nósanna imeachta i gcomhréir leis na treoirlínte ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe lena gclúdaítear leasanna pearsanta chomhaltaí an bhoird. I ngnáthchúrsa an ghnó, féadfaidh an Chlárlann deontais a cheadú nó socruithe conarthacha a dhéanamh le heintitis a bhfuil comhaltaí boird de chuid na Clárlainne fostaithe iontu nó a bhfuil leas eile acu iontu. I gcásanna ina bhféadfadh coinbhleacht leasa a bheith i gceist, ní fhaigheann comhaltaí Boird doiciméid ón mbord maidir leis na hidirbhearta sin, ní ghlacann siad páirt i gcomhráite fúthu ná ní bhíonn siad i láthair ag na comhráite sin. Coinnítear clár nochtaithe ar bun. Níor tabhaíodh aon idirbhearta páirtithe gaolmhara in 2025.

**13. Táillí na gComhairleoirí Seachtracha**

Áirítear leis na táillí do Lucht Dlí agus Gairmithe (nóta 5) an caiteachas seo a leanas ar chomhairleoirí seachtracha.

| | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Soláthar | 652 | 2,664 |
| Seirbhísí Gairmiúla agus Comhairleoirí TFC | 106,518 | - |
| Rialachas | 11,070 | - |
| Comhairle Dlí | 9,348 | 3,009 |
| | **127,589** | **5,673** |

**14. Ceangaltais Chaipitil**

Níl aon cheangaltais chaipitil ann.

**15. Teagmhais tar éis an Dáta Tuairiscithe**

**Gnóthas leantach** – Ós rud é go soláthraíonn an Bord um an gClárlann Náisiúnta Ailse seirbhís phoiblí arna maoiniú ag an Státchiste, trína mháthair-roinn, an Roinn Sláinte, measann an Bord gur cuí na ráitis airgeadais seo a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach.

**16. Formheas na Ráiteas Airgeadais**

D’fhormheas an Bord na ráitis airgeadais an 23 Aibreán 2026.